An Coimisiún Eorpach

# AN PAINÉAL SAORÁNACH EORPACH

## Maidir leis an bhfuath sa tsochaí a chomhrac



Lámhscríbhinn arna críochnú i nDeireadh Fómhair 2024

Ní féidir a mheas gurb é atá sa doiciméad seo seasamh oifigiúil an Choimisiúin Eorpaigh.

Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2024.

© An tAontas Eorpach, 2024.

Déantar beartas athúsáide an Choimisiúin a chur chun feidhme le Cinneadh 2011/833/AE ón gCoimisiún an 12 Nollaig 2011 maidir le hathúsáid dhoiciméid an Choimisiúin (IO L 330, 14.12.2011, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2011/833/oj).

Mura sonraítear a mhalairt, údaraítear an doiciméad seo a athúsáid faoi cheadúnas Creative Commons Attribution 4.0 International (CC BY 4.0) (https://creativecommons.org/licenses/by/4.0/). Ciallaíonn sé sin go gceadaítear a athúsáid ar choinníoll go dtugtar an chreidiúint chuí agus go léirítear aon athrú a dhéantar.

| | | | |
|---|---|---|---|
| Print | ISBN 978-92-68-21037-6 | doi:10.2775/1713069 | NA-01-24-004-GA-C |
| PDF | ISBN 978-92-68-21036-9 | doi:10.2775/7283899 | NA-01-24-004-GA-N |

# AN PAINÉAL SAORÁNACH EORPACH

## Maidir leis an bhfuath sa tsochaí a chomhrac

# Clár

**Achoimre feidhmiúcháin** 5

**1. Réamhrá** 10

**2. Creat modheolaíochta** 12

2.1. Roghnú randamach agus comhdhéanamh déimeagrafach an phainéil 12
2.2. Turas an phainéil 15
2.3. Modhanna rannpháirtíochta 15
2.4. Torthaí comhchoiteanna 17
2.5. Rialachas agus eolas 17
2.6. Breathnóirí 20

**3. An rannpháirtíocht a leathnú** 22

3.1. An tArdán um Rannpháirtíocht Saoránach 22
3.2. Straitéis cumarsáide 22

**4. Sainmhíniú na faidhbe agus moltaí** 26

4.1. Sainmhíniú na faidhbe agus moltaí 26
4.2. 21 mholadh chun an fuath sa tsochaí a chomhrac 27

**Moladh 1:** Eoraip amháin, sainmhíniú amháin: An fhuathchaint a choiriúlú 27

**Moladh 2:** Prótacal freagartha éifeachtaí Eorpach maidir le fógraí fuathchoireachta 27

**Moladh 3:** Oifig náisiúnta um fhuath a chomhrac sna Ballstáit 28

**Moladh 4:** Oiliúint caoinfhulaingthe 28

**Moladh 5:** Feasacht a mhéadú faoin bhfuath agus faoi bhearta agus réitigh atá ann cheana chun cur ina choinne trí fheachtas poiblí 29

**Moladh 6:** Fóirithint fógraí in aghaidh an fhuatha 30

**Moladh 7:** Ardán uile-Aontais a chruthú ina dtugtar le chéile eolas, acmhainní, bearta agus córais tacaíochta maidir le fuath 31

**Moladh 8:** Coiste iontaobhais neamhspleách a bhunú 32

**Moladh 9:** Iontaofacht, fíorais agus trédhearcacht: Maoiniú eolais a fhíorú agus a shoiléiriú 32

**Moladh 10:** Casann an Eoraip ort: Meáin rannpháirteacha do na saoránaigh 33

**Moladh 11:** An bhoilgeog a phléascadh: Dearcthaí éagsúla a chur chun cinn ar na meáin shóisialta 33

**Moladh 12:** Aghaidh a thabhairt ar anaithnideacht ar líne chun an fuath a chomhrac 34

**Moladh 13:** Cárta Scimeála Sábháilte an Aontais 34

**Moladh 14:** Modhnú intleachta saorga (IS): Na Meáin shóisialta a chosaint ar an bhfuathchaint 34

**Moladh 15:** Cultúr díospóireachta a spreagadh i scoileanna bunaithe ar Phainéil Saoránach 35

**Moladh 16:** Scileanna sóisialta agus mothúchánacha leanaí a threisiú chun fuath a chosc 36

**Moladh 17:** Oideachas do gach glúin i ngach náisiún maidir le cumarsáid neamhfhoréigneach 36

**Moladh 18:** Painéil Saoránach Eorpach a chruthú do dhaoine óga (16-25 bliana d'aois) chun fuath a chomhrac 37

**Moladh 19:** Seirbhísí saoránachta deonacha a fhorbairt i bpobail áitiúla do dhaoine fásta 37

**Moladh 20:** Cuidiú le filleadh ar bhrí na beatha 37


**Moladh 21:** Na daoine a chuardach: Neamh-chomhionannas sóisialta a chomhrac chun fuath a chomhrac san Aontas 38

# Achoimre feidhmiúcháin

## AN PAINÉAL SAORÁNACH EORPACH: CONAS A FHEIDHMÍONN SÉ?




### CRITÉAR ROGHNÚCHÁIN LE hAGHAIDH GRÚPA ATÁ IONADAÍOCH AR ÉAGSÚLACHT AN AONTAIS







# AN PAINÉAL SAORÁNACH: NA SEISIÚIN

## SEISIÚN IOMLÁNACH



## MEITHLEACHA






### ÉASCÓIRÍ AGUS MODHNÓIRÍ

- Threoraigh siad na saoránaigh sa phlé i ngach ceann de na 3 sheisiún
- Rinne siad modhnóireacht ar an bplé i ngrúpaí beaga agus i seisiúin iomlánacha



### BREATHNADÓIRÍ

- Rinne roinnt taighdeoirí, iriseoirí agus ionadaithe ón tsochaí shibhialta eagraithe breathnadóireacht ar obair na bpainéal



### AN BORD STIÚRTHA

- Comhdhéanta den Choimisiúin Eorpach, Foireann Díospóireachta (gairmithe a bhíonn ag plé leis an dearadh, leis an modheolaíocht agus leis an modhnóireacht) agus foirne atá i gceannas ar eagrú praiticiúil
- Rinne an Bord Stiúrtha an Painéal Saoránach a dhearadh, a eagrú, a mhaoirsiú agus a bhainistiú




### ATEANGAIRÍ

- Cumhdaíodh gach ceann de 24 theanga oifigiúla an Aontais



### AN COISTE EOLAIS

- Thart ar ochtar saineolaithe seachtracha agus saineolaí amháin de chuid an Choimisiúin
- Roinn siad a gcuid eolais agus saineolais
- Chuidigh siad le Pacáiste Eolais a dhréachtú agus le fíricí a sheiceáil
- Chuidigh siad freisin le struchtúr a chur ar an bplé agus le cainteoirí a aithint






### TABHAIRT AR LÁIMH

- Tugann na saoránaigh a gcuid moltaí ar láimh don Choimisiún Eorpach



### OBAIR LEANTACH AGUS AISEOLAS

- Déanann an Coimisiún Eorpach na moltaí a chomhtháthú ina cheapadh beartais

# NA MOLTAÍ



1 Eoraip Amháin, Sainmhíniú Amháin: An Fhuathchaint a Choiriúlú



2 Prótacal Freagartha Éifeachtaí Eorpach maidir le Fógraí Fuathchoireachta



3 Oifig Náisiúnta um Fhuath a Chomhrac sna Ballstáit



4 Oiliúint Caoinfhulaingthe



5 Feasacht faoin bhFuath agus faoi Bhearta agus Réitigh atá ann cheana chun Cur ina Choinne a Mhéadú le Feachtas Poiblí



6 Fóirithint Fógraí in aghaidh Fuatha



7 Ardán uile-Aontais a chruthú ina dtugtar Eolas, Acmhainní, Bearta agus Córais Tacaíochta maidir le Fuath le chéile



8 Coiste Iontaobhais Neamhspleách a bhunú



9 Iontaofacht, Fíorais agus Trédhearcacht: Maoiniú Eolais a Fhíorú agus a Shoiléiriú



10 Casann an Eoraip Ort: Meáin Rannpháirteacha do Shaoránaigh




11 Bris an Bolgán: Dearcthaí Éagsúla a Chur Chun Cinn ar na Meáin Shóisialta



12 Aghaidh a thabhairt ar Anaithnideacht Ar Líne chun an Fuath a Chomhrac



⑬ Cárta Scimeála Sábháilte an Aontais



⑭ Modhnú Intleachta Saorga (IS): Na Meáin Shóisialta a Chosaint ar an bhFuathchaint



⑮ Cultúr Díospóireachta a Leathadh i Scoileanna Bunaithe ar Phainéil Saoránach




⑯ Scileanna Sóisialta agus Mothúchánacha Leanaí a Threisiú chun Fuath a Chosc



⑰ Oideachas do Gach Glúin i nGach Náisiún maidir le Cumarsáid Neamhfhoréigneach




⑱ Painéil Saoránach Eorpach a Chruthú do Dhaoine Óga (16–25 bliana d'aois) chun Fuath a Chomhrac



⑲ Seirbhísí Saoránachta Deonacha a Fhorbairt i bPobail Áitiúla do Dhaoine Fásta



⑳ Cuidiú le Filleadh ar Bhrí na Beatha



㉑ Ag Cuardach na nDaoine: Neamh-Chomhionannas Sóisialta a Chomhrac chun Fuath a Chomhrac san Aontas



# RÉAMHRÁ

# 1. Réamhrá

Tá luachanna cumhdaithe ag an Aontas Eorpach ina chonarthaí bunaidh, mar shampla ‘dínit an duine, an tsaoirse, an daonlathas, an comhionannas, an smacht reachta agus meas ar chearta an duine, chomh maith leis na cearta atá ag daoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad’ ([1]). Téann gach uile chineál fuatha agus éadulaingthe i gcoinne na gceart agus na luachanna bunúsacha sin. Baineann siad an bonn den daonlathas agus de chomhtháthú na sochaithe ina mairimid. Mar sin féin, is díol uafáis an méadú atá ag teacht ar an bhfuathchaint agus ar an bhfuathchoireacht san Eoraip sa lá atá inniu ann. Cé nach bhfuil sé éasca figiúirí beachta a fháil faoi chomh forleathan is atá feiniméan an fhuatha, is é is dóichí go ndéantar gannmheas air den chuid is mó. Agus na dúshláin sin á n-aithint ag an Aontas, tá ról gníomhach glactha aige mar atá maidir le beartais a chur chun feidhme chun fuath de gach cineál a chomhrac agus féachaint lena tuilleadh iarrachtaí a dhéanamh chun an fuath a chomhrac.

An 6 Nollaig 2023, ghlac an Coimisiún Eorpach agus Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha Teachtaireacht Chomhpháirteach dar teideal ‘*No place for hate: a Europe united against hatred* [Ní ghlactar leis an bhfuath: Eoraip le chéile in aghaidh an fhuatha]’ ([2]). Iarrtar sa Teachtaireacht seo go gcruthófaí spás oscailte uile-Eorpach le haghaidh idirphlé ina dtabharfaí le chéile saoránaigh ó gach cearn den Aontas chun plé a dhéanamh ar bhealaí chun bogadh ó fhuath agus deighilt go dtí taitneamh comhroinnte a bhaint as ár luachanna Eorpacha maidir le comhionannas, meas ar chearta an duine agus dínit.

Tar éis an ghlao sin, ghlac an Coimisiún Eorpach air féin Painéal Saoránach Eorpach a eagrú maidir leis an bhFuath sa tSochaí a Chomhrac sa chéad leath de 2024. Thug an painéal sin le chéile 150 saoránach a roghnaíodh go randamach ó gach ceann de 27 mBallstát den Aontas le linn trí sheisiún plé a bhí ar siúl an 5-7 Aibreán, an 26-28 Aibreán agus an 17-19 Bealtaine, chun an cheist seo a leanas a fhreagairt: **‘Cad is féidir linn a dhéanamh faoin bhfuath agus conas is féidir linn an meas frithpháirteach a fheabhsú inár sochaithe?’.**

Is topaic chasta í an fuath agus na hiarmhairtí a bhaineann leis. Is iomaí cineál fuatha ann idir chineálacha fuatha atá an-chaolchúiseach agus chineálacha fuatha atá i bhfad níos follasaí. Ní i gcónaí a ghníomhaíonn daoine de réir an fhuatha atá acu, ach uaireanta tagann sé chun cinn i ngníomhartha foréigneacha (de bharr idé-eolaíochtaí antoisceacha foréigneacha, mar shampla). D’fhéadfadh sé a bheith le sonrú ar go leor bealaí: ó íde béil nó maslaí go bulaíocht, ciapadh, bréagaisnéis a chuireann droch-chuma ar mhionlaigh, bagairtí nó éilimh ar fhoréigean, agus foréigean fisiceach, nó dúnmharú fiú. Le tacaíocht ó ábhar eolais, tuairimí saineolaithe agus plé i gcruinnithe iomlánacha agus i meithleacha, shainaithin na saoránaigh a bhí rannpháirteach sa phainéal sin gníomhaíochtaí beartais féideartha agus páirtithe leasmhara/páirtithe ábhartha chun a bheith rannpháirteach ar leibhéil éagsúla chun an fuath inár sochaí a chomhrac. Ar deireadh, rinne agus ghlac an Painéal Saoránach Eorpach maidir leis an bhfuath inár sochaí a chomhrac 21 mholadh, a chuirtear i láthair ina n-iomláine san Iarscríbhinn a ghabhann leis an tuarascáil seo.

Tar éis sheisiúin an phainéil, iarradh ar na saoránaigh rannpháirteacha suirbhé aiseolais a líonadh isteach mar chuid den mheastóireacht ar an bpróiseas. Leagtar cuid de thorthaí an tsuirbhé seo amach sa tuarascáil seo.

Tabharfar tuairisc bhreise ar na bearta leantacha maidir leis na 21 mholadh sin i dTuarascáil ó na Saoránaigh , doiciméad oifigiúil a ghlacfaidh Coláiste na gCoimisinéirí, mar aon le tionscnaimh bheartais a bheidh ann amach anseo. Eagrófar imeacht aiseolais freisin chun na céimeanna sin a mhíniú do rannpháirtithe an phainéil. Idir an dá linn, is é is aidhm don tuarascáil seo achoimre a dhéanamh ar phríomhghnéithe an Phainéil Saoránach Eorpach seo agus léargas a thabhairt ar a chreat modheolaíochta, ar an gcaoi ar éascaíodh na díospóireachtaí, ar thorthaí na dtrí sheisiún, chomh maith leis an measúnú ar an bpróiseas a rinne na saoránaigh.

(1) https://european-union.europa.eu/principles-countries-history/principles-and-values/founding-agreements_ga

(2) An Coimisiún Eorpach (2023), Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle – No place for hate: a Europe united against hatred [Ní ghlacfar leis an bhfuath: Eoraip le chéile i gcoinne an fhuatha] JOIN(2023) 51 (https://commission.europa.eu/document/c60c451c-ccd2-406a-be3a-ef65123f2bb6_ga).



# CREAT MODHEOLAÍOCHTA

# 2. Creat modheolaíochta

## 2.1. Roghnú randamach agus comhdhéanamh déimeagrafach an phainéil

Chun cur chuige cothrom, comhsheasmhach agus iontaofa a chinntiú atá ar aon dul, a mhéid is féidir, le hionadaíocht éagsúlacht shochaí na hEorpa, baineadh úsáid as modhanna roghnúcháin randamacha chun na rannpháirtithe sa Phainéal Saoránach Eorpach a earcú.


Harris Interactive and Sortition Foundation a rinne an earcaíocht. Rinne Harris rannpháirtithe a earcú trí úsáid a bhaint as diailiú digiteach randamach. Thoiligh 245 dhuine páirt a ghlacadh sa phainéal as ar roghnaíodh 150 go randamach le bheith mar chuid den phainéal bunaithe ar chritéir éagsúla (mar a dtugtar tuairisc orthu thíos), agus bhí 50 duine acu ar an gcéad liosta ionadaithe de shaoránaigh, i gcás ina dtitfeadh daoine amach. D'oibrigh Sortition Foundation chun an dara liosta ionadaithe de rannpháirtithe a chruthú, ag díriú ar shaoránaigh a bhíonn faoi ghannionadaíocht go hiondúil, go háirithe an óige agus saoránaigh atá ina gcónaí i gceantair ísealioncaim, agus úsáid á bhaint as modh earcaíochta aghaidh ar aghaidh.

**Tábla 1: Comhdhéanamh déimeagrafach an phainéil – tionscnamh náisiúnta**

| Tír | Rannpháirtithe spriocdhírithe | Rannpháirtithe iarbhír | | |
|---|---|---|---|---|
| | | Seisiún 1 | Seisiún 2 | Seisiún 3 |
| an Ostair | 4 | 5 | 5 | 5 |
| an Bheilg | 5 | 5 | 5 | 2 |
| an Bhulgáir | 4 | 2 | 2 | 2 |
| an Chróit | 2 | 2 | 2 | 2 |
| an Chipir | 2 | 1 | 1 | 1 |
| an tSeicia | 5 | 3 | 3 | 3 |
| an Danmhairg | 3 | 3 | 3 | 3 |
| an Eastóin | 2 | 2 | 2 | 2 |
| an Fhionlainn | 3 | 3 | 3 | 3 |
| an Fhrainc | 15 | 15 | 14 | 15 |
| an Ghearmáin | 19 | 19 | 19 | 19 |
| an Ghréig | 5 | 5 | 4 | 4 |
| an Ungáir | 5 | 6 | 6 | 6 |
| Éire | 3 | 3 | 3 | 2 |
| an Iodáil | 15 | 15 | 15 | 15 |
| an Laitvia | 2 | 2 | 2 | 2 |
| an Liotuáin | 2 | 2 | 2 | 2 |
| Lucsamburg | 2 | 2 | 2 | 2 |
| Málta | 2 | 2 | 2 | 2 |
| an Ísiltír | 6 | 7 | 7 | 7 |
| an Pholainn | 10 | 9 | 9 | 9 |
| an Phortaingéil | 5 | 5 | 5 | 5 |
| an Rómáin | 7 | 6 | 6 | 6 |
| an tSlóvaic | 3 | 3 | 3 | 3 |
| an tSlóivéin | 2 | 2 | 2 | 2 |
| an Spáinn | 12 | 13 | 13 | 13 |
| an tSualainn | 5 | 5 | 5 | 5 |
| **Iomlán** | **150** | **147** | **145** | **145** |

Tugtar forbhreathnú sa tábla thuas ar an líon saoránach atá ag teastáil ar fud Bhallstáit an Aontais (cuótaí tíre) chomh maith leis na rannpháirtithe iarbhír in aghaidh an tseisiúin. Ba é ab aidhm dó sin ionadaíocht a dhéanamh ar na Ballstáit i gcomhréir le méid an daonra sa Bhallstát, ach go mbeadh cothromaíocht ann trí bheirt saoránach ar a laghad in aghaidh na tíre a bheith ann. I bhfocail eile, leagadh síos spriocanna arda do thíortha a bhfuil daonraí móra acu mar shampla an Ghearmáin (19 saoránach), nuair is do bheirt saoránach ó Mhálta agus ó Lucsamburg a tugadh cuireadh, agus prionsabal na comhréireachta céimlaghdaithí á chur i bhfeidhm. Rinneadh freastal maith air trí chéile agus ar an mórgóir baineadh amach na spriocanna a socraíodh. Maidir le 22 Bhallstát as na 27, baineadh amach na spriocanna agus bhí na Ballstáit eile an-ghar do na spriocanna. Ar an iomlán, as an 150 saoránach a earcaíodh, ghlac 147 acu páirt i gceann amháin ar a laghad de na trí sheisiún.


**Fíor 1: Torthaí an tsuirbhé aiseolais maidir leis an gceist 'Ar ghlac tú páirt riamh i bpróiseas rannpháirtíochta saoránach roimhe seo?'** (n = 74)





Chun a chinntiú go léireodh an Painéal éagsúlacht dhaonra an Aontais a mhéid is féidir, agus chun ionadaíocht na ngrúpaí a bhíonn faoi ghannionadaíocht go hiondúil a chumasú, sainíodh sprioc-chuótaí do rannpháirtithe de réir na saintréithe sochdhéimeagrafacha seo a leanas, tagraíonn an sciar iarbhír de na rannpháirtithe do na 147 saoránach a d'fhreastail ar cheann amháin ar a laghad de na seisiúin).



Fíor 2: Sprioclíon agus rannpháirtithe iarbhír in aghaidh an tseisiúin maidir le cúig chritéar shochdhéimeagrafacha



Fíor 3: Torthaí an tsuirbhé aiseolais maidir leis an gceist **'An dóigh leat gur léirigh an Painéal Saoránach éagsúlacht dhaonra an Aontais go maith?'** (n=80)




## 2.2. Turas an phainéil

Trí sheisiún a bhí sa Phainéal Saoránach Eorpach maidir leis an bhfuath sa tsochaí a chomhrac a raibh spriocanna éagsúla acu – gach ceann acu ag cur le hobair an tseisiúin roimhe sin d'fhonn tacar moltaí a chur le chéile trí chomhthoil lena gcur faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh.

**Sa chéad seisiún** (5-7 Aibreán 2024, ar an láthair sa Bhruiséil), cuireadh na rannpháirtithe ar an eolas maidir leis an bhfuath agus bhí siad in ann aithne a chur ar a chéile agus muintearas agus muinín a chothú. Fuair siad tuairimí tosaigh ó shaineolaithe agus iarradh orthu ansin spreagthaí éagsúla agus cúiseanna fuatha a bhailiú chun tuiscint choiteann ar an bhfadhb a fhorbairt. Chomhroinn cainteoirí seachtracha roinnt teistiméireachtaí faoina gcuid taithí ar fhuath, rud a chuir ar a gcumas scéalta beatha a thabhairt le chéile agus machnamh níos leithne ar conas an fuath sa tsochaí a chomhrac.

I bhfianaise nádúr íogair, mothúchánach na topaice a bhí á plé agus a d'fhéadfadh a bheith trámach , ainmníodh comhairleoir iontaoibhe, an Fealsamh agus an Daonnachaí Eolaíochta Noga Arikha. Iarradh ar shaoránaigh ábhair imní a chur faoina bráid dá mba ghá.

**Sa dara seisiún** (26-28 Aibreán 2024, ar líne) díríodh ar iniúchadh níos doimhne a dhéanamh ar an tsaincheist. Ba é an phríomhsprioc malartú smaointe agus dearcthaí i measc na rannpháirtithe a spreagadh, féachaint cé na rudaí a rabhthas ar aon fhocal fúthu nó a raibh easaontas ann maidir leo, agus moltaí a bhfuil gealladh fúthu a mhapáil chun tosú ar an bhfuath inár sochaí a chomhrac. Roghnaíodh grúpa saoránach as na meithleacha uile go randamach a bhí sásta doiciméad a fhorbairt roimh an tríú seisiún. Sa doiciméad sin rinne siad achoimre ar dhearcadh na bpainéal ar chúiseanna agus ar spreagthaí an fhuatha, agus tugadh 'sainmhíniú na faidhbe' air.

**Bhí an tríú seisiún agus an seisiún deiridh** (17-19 Bealtaine 2024, ar an láthair sa Bhruiséil) dírithe ar na moltaí a mhúnlú bunaithe ar na smaointe agus an léargas a fuarthas sa chéad dá sheisiún agus le tacaíocht ó ionchuir sheachtracha bhreise. Ar deireadh, d'fhorbair na saoránaigh rannpháirteacha 21 mholadh chun an fuath sa tsochaí a chomhrac, moltaí a cuireadh ar aghaidh chuig an gCoimisiún Eorpach. Cuirtear i láthair ina n-iomláine iad san Iarscríbhinn a ghabhann leis an tuarascáil seo.

## 2.3. Modhanna rannpháirtíochta


### 2.3.1 Ó sheisiún iomlánach go meithleacha

Leagadh amach gach seisiúin chun idirghníomhaíochtaí a spreagadh i measc na rannpháirtithe agus chun a chinntiú go gcloisfí gach guth. Ag tógáil ar mhodheolaíocht a bhfuil seantaithí uirthi a forbraíodh le linn na bPainéal Saoránach Eorpach a bhí ann roimhe seo, d'athdhearbhaigh an Coimisiún Eorpach, le tacaíocht ó fhoireann saineolaithe ó réimse an daonlathais dhioscúrsaigh (dá ngairtear 'an fhoireann díospóireachta' anseo feasta), a thábhachtaí atá sé formáidí éagsúla plé a chur ar fáil.




I suíomhanna iomlánacha, bhí na saoránaigh in ann éisteacht le tuairimí saineolaithe agus bhí siad in ann torthaí phlé na meithle a chur i láthair do na rannpháirtithe uile, i 24 theanga. Thug suíomhanna fo-iomlánacha deis do rannpháirtithe a gcuid léargas a chomhroinnt le grúpa níos lú de 50 go 75 rannpháirtí agus aiseolas sonrach a fháil ó shaineolaithe éagsúla. Bhí na meithleacha, inar tháinig 12 rannpháirtí le chéile de ghnáth, comhdhéanta ar bhealach a d'fhág go raibh éagsúlacht gheografach leordhóthanach ann, ina raibh meascán de thíortha móra agus beaga agus cúig theanga éagsúla ar a mhéad. Spreag grúpaí níos lú den sórt sin idirghníomhaíochtaí agus chuidigh siad le saoránaigh aithne níos fearr a chur ar a chéile agus muinín a chothú. I gcomhréir le croíphrionsabal na bPainéal Saoránach Eorpach, bhí na rannpháirtithe uile in ann labhairt ina dteanga dhúchais, rud a éascaíodh leis an ateangaireacht.

**Fíor 4: Torthaí an tsuirbhé aiseolais maidir leis na ceisteanna 'I bplé na meithle, bhraith mé go raibh meas acu orm' (1) (n=79) agus 'Ar an iomlán, an mbraitheann tú go raibh tábhacht le do ghuth i do mheitheal?' (2) (n=79)**




**Fíor 5: Torthaí an tsuirbhé aiseolais maidir leis an gceist 'Ar an iomlán, an bhfuil tú sásta leis an t-eispéireas a bhí agat ar an bPainéal Saoránach?' (n=80)**




## 2.3.2 Modhnóireacht agus éascú

Threoraigh triúr príomhmhodhnóirí na saoránaigh trí na seisiúin uile agus stiúir siad an plé iomlánach. Sholáthair siad eolas maidir le sprioc ghinearálta an phainéil agus modheolaíocht na seisiún, mar aon le gnéithe eagrúcháin. D'éascaigh siad díospóireachtaí idir cainteoirí freisin, chinntigh siad gur soláthraíodh eolas go cothrom agus go neamhchlaonta le linn an phlé, agus d'éascaigh siad ceisteanna & freagraí idir saineolaithe agus saoránaigh. Ina theannta sin, thug siad na torthaí uile le chéile i gcruinnithe iomlánacha deiridh gach seisiúin. Ba iad seo a leanas na príomh-mhodhnóirí:

- Constantin Schäfer (ifok)
- Camille Dobler (Missions Publiques)
- Yves Mathieu (Missions Publiques).


D'oibrigh saoránaigh in 12 mheitheal, d'éascaigh beirt chomhaltaí ón bhfoireann díospóireachta iad agus thug siad cúnamh dóibh: éascaitheoir amháin a raibh taithí aige agus éascaitheoir cúnta amháin. Ba é ról na n-éascaitheoirí an plé a stiúradh sna meithleacha, ina dteanga dhúchais nó i mBéarla, agus sreabhadh oibre rianúil a chumasú tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

- atmaisféar cairdiúil agus comh-mheasúil a shocrú chun rannchuidiú cothrom ó na rannpháirtithe uile a chur chun cinn;
- a áirithiú gur cuireadh gach saoránach ar an eolas faoin bpróiseas foriomlán agus treoir a thabhairt dóibh in obair an ghrúpa;
- cinnte a dhéanamh de gur baineadh amach cuspóirí sheisiúin na meithle, is é sin sainaithint easaontas agus coinbhleachtaí idir na saoránaigh a éascú, díospóireacht agus comhthoil a chur chun cinn ina measc;

- amchoimeád, nótaí a ghlacadh agus na pléití a chomhdhlúthú i ndoiciméid oibre ilteangacha agus idirnasctha;
- iarrataí a rinne na saoránaigh sna meithleacha a nascadh leis an bhfoireann tacaíochta nó leis na saineolaithe, e.g. trí bharúlacha nó ceisteanna a bhí ar feitheamh a bhailiú;
- páirt a ghlacadh i seisiúin faisnéisithe leis an bhfoireann díospóireachta.

Chloígh na héascaitheoirí agus na cúntóirí uile leis na treoracha coitianta a cuireadh ar fáil i dtreoir maidir le héascú agus i ndoiciméad maidir le feidhmiú céimneach (ceann amháin in aghaidh an tseisiúin). Ghlac siad páirt i dtrí chruinniú thiomnaithe faisnéisithe agus oiliúna roimh gach seisiún.

Fíor 7: Torthaí an tsuirbhé aiseolais maidir leis an gceist **'An dóigh leat go mbeidh tionchar ag moltaí an Phainéil Saoránach?'** (n=80)





## 2.4. Torthaí comhchoiteanna

Le linn trí sheisiún, chuir na saoránaigh 21 mholadh le chéile chun an fuath sa tsochaí a chomhrac agus tháinig sainmhíniú na faidhbe rompu. Léirítear na torthaí ina n-iomláine san Iarscríbhinn a ghabhann leis an tuarascáil seo. Ar mhaithe le sreabhadh léitheoireachta níos fearr, cuirtear na moltaí i láthair i gcúig bhloc théamacha:

- An córas freagartha ar an bhfuathchoireacht agus ar an bhfuathchaint;
- Ról na meán agus na polaitíochta;
- An saol digiteach agus teicneolaíocht;
- Oideachas;
- Rannpháirtíocht na saoránach agus cuimsiú sóisialta.

Fíor 6: Torthaí an tsuirbhé aiseolais maidir leis an gceist **'An dóigh leat gur chuimsigh an Painéal Saoránach dearcthaí chomhaltaí an phainéil uile ina mholtaí deiridh?'** (n=79)




## 2.5. Rialachas agus eolas

### 2.5.1 An Coiste Stiúrtha

Rinne an Coiste Stiúrtha an Painéal Saoránach Eorpach a dhearadh, a eagrú agus a chomhordú. Tháinig sé le chéile uair sa tseachtain chun cinneadh a dhéanamh maidir le cúrsaí coincheapúla agus eagraíochtúla, agus gnéithe modheolaíochta, cumarsáide, lóistíochta agus buiséadacha san áireamh, agus ag cinntiú go mbeadh tionchar ag an bpróiseas plé ar cheapadh beartas. Bhí an Coiste comhdhéanta d'ionadaithe ón gCoimisiún Eorpach agus cuibhreannas conraitheoirí.

D'oibrigh an cuibhreannas conraitheoirí le chéile chun an ghlúin nua seo de Phainéil Saoránach Eorpach a dhearadh agus a chur chun feidhme. Go háirithe, thug sé saineolaithe le chéile chun cuidiú leis an bpróiseas plé a dhearadh agus a éascú, ag úsáid a bhfios gnó chun sainchúram an phainéil a choincheapú chomh maith leis an bpróiseas rannpháirtíochta foriomlán agus an mhodheolaíocht do gach seisiún agus chun an Coiste Eolais comhairleach a chur ar bun.

### 2.5.2 An Coiste Eolais

Trí Choiste Eolais atá comhdhéanta de shaineolaithe ó réimsí éagsúla (síceolaíocht, oideachas, iriseoireacht, teangeolaíocht...), cuireadh feabhas ar shláine an phróisis plé trí cháilíocht, oibiachtúlacht, éagsúlacht agus sothuigtheacht an eolais a sholáthraítear do shaoránaigh a ráthú. Chuidigh siad freisin le breathnú ar na torthaí agus lena chinntiú go ndéanfaí an t-aistriú ó sheisiún amháin go seisiún eile a struchtúrú ar bhealach a dhéanfadh dul chun cinn fóinteach ar an bplé agus a bheadh bunaithe ar thuairimí ó na saoránaigh.

I measc na bhfreagrachtaí bhí pacáiste eolais a dhréachtú do rannpháirtithe, oibriú i gcomhar leis an gCoiste Stiúrtha maidir le hionchuir bheartais fhíorasacha, comharthaí laga agus laigí a shainaithint sa phlé, seiceáil fíricí, freagra a thabhairt ar cheisteanna na saoránach agus a saineolas maidir leis an bhfuath a chomhroinnt i suíomhanna iomlánacha agus fo-iomlánacha. Mhol an Coiste Eolais do roinnt cainteoirí seachtracha freisin a gcuid eolais a chur leis agus d'éascaigh sé teistiméireachtaí díreacha nó indíreacha a chur san áireamh le linn na seisiún.

Bhí an Coiste Eolais comhdhéanta d'ochtar comhaltaí arna roghnú ag an gCoiste Stiúrtha, bunaithe ar na critéir seo a leanas: saineolas a chumhdaíonn éagsúlacht leathan réimsí eolais atá ábhartha maidir leis an bhfuath sa tsochaí a chomhrac; an cumas tuairimí éagsúla ar an topaic a thuiscint, a aithint agus a chur in iúl; agus éagsúlacht i dtéarmaí inscne, náisiúntachta, smachta, agus cleamhnachta gairmiúla. Ina theannta sin, chuir ionadaí amháin ón gCoimisiún Eorpach le léargas ar bheartais an Aontais.

Ba iad seo a leanas comhaltaí an Choiste Eolais:

- **Arun Mansukhani** – Síceolaí Cliniciúil
- **Daris Lewis Recio** – Oifigeach Dlí agus Beartais ag Equinet
- **Federico Faloppa** – Ollamh le Sochtheangeolaíocht in Ollscoil Reading
- **Jelena Jovanovic** – Comhordaitheoir Idirghrúpa um Fhrithchiníochas agus Éagsúlacht i bParlaimint na hEorpa
- **Manos Tsakiris** – Ollamh le Síceolaíocht in Ollscoil Londan
- **Nesrine Slaoui** – Iriseoir agus Údar Neamhspleách
- **Robin Sclafani** – Stiúrthóir CEJI — Rannchuidiú Giúdach le hEoraip chuimsitheach
- **Tommaso Chiamparino** – Oifigeach Beartais san Ard-Stiúrthóireacht um Cheartas agus Tomhaltóirí.

### 2.5.3 Ionad Eolais agus Faisnéise

Bunaíodh Ionad Eolais agus Faisnéise chun freagra a thabhairt ar cheisteanna agus ar iarrataí ar shoiléiriú a chuir saoránaigh in iúl le linn a bplé. Bhí saineolaithe ón gCoimisiún Eorpach san Ionad Eolais agus Faisnéise mar aon le comhaltaí den Choiste Eolais don tríú seisiún agus ar iarradh orthu freagraí a thabhairt ar a réimsí beartais féin. Le linn na dtrí sheisiún den Phainéal Saoránach Eorpach, thug an tIonad Eolais agus Faisnéise freagraí i scríbhinn ar níos mó ná 50 ceist a d'ardaigh saoránaigh agus d'fhorbair sé faisnéisiú i scríbhinn don tríú seisiún. Rinne an tIonad Eolais agus Faisnéise idirghabhálacha gearra freisin sa 12 mheitheal chun saincheisteanna a shoiléiriú sa phróiseas maidir le moltaí a dhréachtú.

### 2.5.4 Callairí

Chomh maith le comhaltaí an Choiste Eolais, iarradh ar roinnt páirtithe leasmhara agus saineolaithe seasamh agus taithí éagsúil a mhéid a bhaineann le hiarmhairtí an fhuatha inár sochaí a chur i láthair agus ceisteanna na saoránach a fhreagairt. Chinntigh an Coiste Eolais go raibh an t-eolas a cuireadh faoi bhráid na saoránach cothrom, ábhartha do riachtanais agus d'iarrataí na saoránach agus go raibh sé sách ionadaíoch ar phríomhsheasamh an lucht ceaptha beartas agus na bpáirtithe leasmhara san Aontas. Is é seo an chéad uair a chuir Painéal Saoránach Eorpach fáilte roimh ionadaithe ón tsochaí shibhialta chun teistiméireachtaí a chomhroinnt maidir lena gcuid taithí ar fhuath. Tá na cainteoirí uile liostaithe thíos.



**Tábla 2: Liosta na gcainteoirí le linn na dtrí sheisiún**

| | Ainmneacha agus cleamhnacht | S1 | S2 | S3 |
|---|---|---|---|---|
| **an Coimisiún Eorpach** | **Dubravka Šuica**, *an Leas-Uachtarán um Dhaonlathas agus um Dhéimeagrafaíocht* | | | x |
| | **Colin Scicluna**, *Ceann Comh-Aireachta, Comh-Aireacht an Leas-Uachtaráin Dubravka Šuica* | | | x |
| | **Anna Gallego Torres,** *Ard-Stiúrthóir, an Ard-Stiúrthóireacht um Cheartas agus Tomhaltóirí* | x | | x |
| | **Dana Spinant**, *Ard-Stiúrthóir, Ard-Stiúrthóireacht na Cumarsáide* | x | | x |
| | **Irena Moozova,** *Leas-Ardstiúrthóir um Ghné Idirnáisiúnta na mBeartas Ceartais, Smacht Reachta agus Comhionannas, an Ard-Stiúrthóireacht um Cheartas agus Tomhaltóirí* | | x | |
| | **Richard Kuehnel,** *Stiúrthóir na hIonadaíochta agus na Cumarsáide sna Ballstáit, Ard-Stiúrthóireacht na Cumarsáide* | | x | |
| | **Ingrid Bellander Todino,** *Ceann Aonaid, Beartas um Chearta Bunúsacha, an Ard-Stiúrthóireacht um Cheartas agus Tomhaltóirí* | | | x |
| | **Lutz Güllner,** *Ceann um Shláine Faisnéise agus Ionramháil agus Cur isteach Eachtrach ar Fhaisnéis a Chomhrac, an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí* | | | x |
| | **Louisa Klingvall**, *Ceann Aonaid Gníomhach, Gnóthaí Idirnáisiúnta agus Sreabhadh Sonraí, an Ard-Stiúrthóireacht um Cheartas agus Tomhaltóirí* | | | x |
| | **Gaëtane Ricard-Nihoul**, *Leas-Cheann Aonaid, Comhphlé leis na Saoránaigh, Ard-Stiúrthóireacht na Cumarsáide* | | | x |
| | **Menno Cox,** *Ceann Earnála, Gnéithe Domhanda na Seirbhísí Digiteacha, Ard-Stiúrthóireacht um Líonraí Cumarsáide, Ábhar Digiteach agus Teicneolaíocht* | | x | |
| | **Daria Arlavi**, *Oifigeach Beartais, an Ard-Stiúrthóireacht um Oideachas, an Óige, Spórt agus Cultúr* | | | x |
| | **Tommaso Chiamparino**, *Oifigeach Beartais, an Ard-Stiúrthóireacht um Cheartas agus Tomhaltóirí* | | | x |
| | **Harry Panagopulos**, *Oifigeach Dlí um Dhaonlathas, Saoránacht an Aontais agus Saorghluaiseacht, an Ard-Stiúrthóireacht um Cheartas agus Tomhaltóirí* | | | x |
| | **Martin Sacleux,** Oifigeach Beartais, an Ard-Stiúrthóireacht um Cheartas agus Tomhaltóirí | | | x |
| **Cainteoirí seachtracha** | **David Martin Abanades**, *Cigire Póilíní Áitiúla, an Spáinn* | | x | |
| | **Milena Angelova**, *Comhrapóirtéir maidir le 'Ní ghlactar leis an bhfuath: Eoraip aontaithe in aghaidh an fhuatha', Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa* | | | x |
| | **Margarita S. Ilieva,** *Saineolaí ar an Dlí Idirnáisiúnta um Chearta an Duine, Comhairle na hEorpa* | | x | |
| | **Kuany Kiir,** *Oifigeach Tionscadail, Rannóg um Shaoránacht Dhomhanda agus Oideachas Síochána, UNESCO* | | x | |
| | **Cristian Pîrvulescu**, *Comhrapóirtéir maidir le 'Ní ghlactar leis an bhfuath: Eoraip aontaithe in aghaidh an fhuatha', Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa* | | x | |
| | **Emanuela Pisano,** *Bainisteoir Tionscadal AE, Tionól Réigiúin na hEorpa* | | | x |
| | **Pasquale Quaranta**, *Iriseoir agus Eagarthóir Éagsúlachta, GEDI Gruppo Editorale* | | x | |
| | **Valérie Rosoux,** *Stiúrthóir Taighde, FNRS, agus Ollamh, UCLouvain* | | x | |
| | **Willem Wagenaar,** *Taighdeoir, Fondúireacht Anne Frank* | | x | |
| | **Juliana Wahlgren,** *Saineolaí, Líonra Eorpach um Fhrithbhochtaineacht* | | x | |
| **Teistiméireachtaí ón tsochaí shibhialta** | **Kamil Goungor,** *Oifigeach Tacaíochta Beartais agus Gluaiseachta, an Gréasán Eorpach um Maireachtáil Neamhspleách* | x | | |
| | **Sacha Guttman**, *Mac Léinn, ULB, agus Oifigeach Abhcóideachta, CEJI – Rannchuidiú Giúdach le hEoraip Chuimsitheach* | x | | |
| | **Mireille-Tsheusi Robert**, *Uachtarán, cumann Bamko asbl* | x | | |
| | **Fabian Wichmann**, *Cásbhainisteoir, EXIT Deutschland* | x | | |

## 2.6. Breathnóirí

Ceadaíodh do roinnt breathnóirí obair an Phainéil Saoránach Eorpach sin a leanúint. Ba é ab aidhm dó sin trédhearcacht agus infheictheacht a sholáthar don leagan amach daonlathach nuálach sin agus spás sábháilte á choinneáil do shaoránaigh rannpháirteacha, rud atá ríthábhachtach do thimpeallacht iontaofa díospóireachta. Ceadaíodh do bhreathnóirí a bheith i láthair agus breathnú ar an bplé sna seisiúin iomlánacha agus sna meithleacha. Ba é triúr an t-uaslíon breathnóirí a ceadaíodh do gach meitheal.

Tháinig roinnt breathnóirí inmheánacha freisin ó na comhpháirtithe agus na hinstitiúidí eagrúcháin (foireann inmheánach ón gCoimisiún Eorpach nó ó institiúidí agus comhlachtaí eile de chuid an Aontais mar shampla). Bhí taighdeoirí i measc na mbreathnóirí seachtracha (ó ollscoileanna nó ó mheithleacha machnaimh), gníomhaithe na sochaí sibhialta agus páirtithe leasmhara eile. Le toiliú na saoránach lena mbaineann, d'fhéad breathnóirí seachtracha agallaimh a dhéanamh leo le haghaidh taighde amháin, mura gcuirfeadh sé bac ar imeachtaí an phainéil.





# AN RANNPHÁIRTÍOCHT A LEATHNÚ

# 3. An rannpháirtíocht a leathnú

## 3.1. An tArdán um Rannpháirtíocht Saoránach

Is uirlis ar líne é an tArdán um Rannpháirtíocht Saoránach lenar féidir leis an bpobal i gcoitinne a dtuairimí a thabhairt maidir leis an tsaincheist ar thug comhaltaí an Phainéil Saoránach Eorpach aghaidh uirthi. Cuireadh an uirlis sin i bhfeidhm chun rannpháirtíocht na saoránach ar an topaic a uasmhéadú agus chun cur le hobair an Phainéil agus leis na beartais ghaolmhara a bheidh ann amach anseo. Iarrtar leis an ardán seo, atá bunaithe ar an mbogearra foinse oscailte Decidim, ar shaoránaigh a n-aighneachtaí a chur isteach i 24 theanga oifigiúla uile an Aontais, agus smaointe agus réitigh á gcur ar fáil acu. Ina theannta sin, cothaíonn an t-ardán plé idirghníomhach trí ghné thráchtaireachta, lenar féidir le húsáideoirí déileáil le moltaí a chéile, aiseolas a thabhairt, agus smaointe a bheachtú go comhoibríoch.

An 22 Aibreán 2024, sheol an Coimisiún Eorpach an díospóireacht ar líne maidir leis an bhfuath sa tsochaí a chomhrac. (3) Le linn na seisiún, bhí deis ag an bPainéal Saoránach Eorpach cloisteáil faoi na príomhaighneachtaí a rinneadh ar an ardán. Chomhroinn na rannchuiditheoirí a gcuid léargas ar ghnéithe éagsúla mar shampla tionscnaimh feasachta, oideachais agus forbartha comhbhá ar fud an Aontais. Trína gcuid oibre a spreagadh nó a threisiú, ba chuidiú é raon saoránach den Aontas Eorpach níos leithne a bheith rannpháirteach tríd an ardán chun tuairimí eile a chur san áireamh sa phlé. Cuireadh gach aighneacht a rinneadh ar an ardán san áireamh i bplé an Phainéil agus cuireadh san áireamh iad agus beartais á n-ullmhú

## 3.2. Straitéis cumarsáide

Dearadh an straitéis chumarsáide don Phainéal Saoránach Eorpach maidir leis an bhFuath sa tSochaí a Chomhrac chun feasacht agus rannpháirtíocht a uasmhéadú trí chur chuige ilghnéitheach, lenar tugadh le chéile feachtais ar na meáin, for-rochtain tionchairí agus iriseoirí, for-rochtain dhíreach ag imeachtaí agus clár faisnéise a fhorbairt.

Dhírigh na feachtais ar na meáin shóisialta ar aird a tharraingt ar an Ardán nua um Rannpháirtíocht Saoránach, chomh maith le feasacht a mhúscailt faoi na seisiúin phainéil atá ar siúl faoi láthair. Iarradh ar 40 tionchaire agus iriseoir ábhar a chruthú agus a chomhroinnt, agus ar an gcaoi sin tionchar an fheachtais a mhéadú agus rannpháirtíocht níos mó ón bpobal le hobair an phainéil a chothú. Chuidigh an cur chuige sin le rannpháirtíocht agus feasacht mhór faoin bpainéal a spreagadh ar fud an Aontais Eorpaigh (sroicheadh thart ar 22 mhilliún duine trí 272 phíosa ábhair).

Cuid lárnach den straitéis ab ea an clár faisnéise [HYPERLINK TO ADD], arbh é ab aidhm dó scéal pearsanta tarraingteach a roinnt faoi ghníomhaíochtaí an Phainéil Saoránach Eorpach.


(3) Is féidir eolas a fháil ar an Ardán um Rannpháirtíocht Saoránach anseo


FUROR TV
WEB DE FUROR
REDACCIÓN
ÚNETE A LA COMUNIDAD
La experiencia de los Paneles Ciudadanos Europeos: ¿Puede un ejemplo de democracia directa ayudar a combatir el odio?
El equipo de FurorTV nos hemos desplazado a Bruselas para cubrir el Panel Ciudadano Europeo organizado por la Comisión Europea para combatir contra el odio.
NUEVA TEMPORADA


rengle.now
1,749 likes
May 17


https://europa.eu/!3yc877
EUROPEAN CITIZENS' PANEL
Tackling Hatred in Society
Session 1:
6-8th April
150 randomly-selected citizens met in Brussels for the first time and shared initial thoughts and ideas.
Session 2:
26-28th April
Session 3:
17-19th May




zburatoarea.ro
Follow
Message
1,362 posts
11.1K followers
2,880 following
Magdalena Aldea
Personal blog
POSTS
REELS
TAGGED


EUROPEAN
CITIZENS' PANEL
TACKLING HATRED
IN SOCIETY
Conclusion
Deliberative
Democracy



# SAINMHÍNIÚ NA FAIDHBE AGUS MOLTAÍ

# 4. Sainmhíniú na faidhbe agus moltaí

## 4.1. Sainmhíniú na faidhbe agus moltaí

Le linn trí dheireadh seachtaine, phléamar sa Phainéal Saoránach Eorpach maidir leis an bhfuath sa tsochaí a chomhrac, ina bhfuil 150 saoránach a roghnaíodh go randamach ó na 27 mBallstáit den Aontas, conas déileáil leis an bhfuath inár sochaí. Tá cúlraí éagsúla againn, ach tá comhthuiscint againn ar an bhfadhb. Aithníonn an Painéal seo go bhfuil cúiseanna éagsúla ann a chuireann le méadú agus le marthanacht an fhuatha inár sochaí, agus cuireann sé an t-idirghníomhú casta idir gnéithe mothúchánacha, sóisialta agus eacnamaíocha i dtábhacht ag an am céanna.

- **Coinbhleachtaí agus Oidhreacht Stairiúil:** Is féidir le coinbhleachtaí stairiúla agus coinbhleachtaí atá ann faoi láthair oidhreacht fuatha a chruthú ó ghlúin go glúin. I stair chasta na hEorpa, chuir gach coinbhleacht, gach cogadh agus gach teannas geopholaitiúil leis an timthriall sin. Gan iarrachtaí gníomhacha chun aghaidh a thabhairt ar na créachtaí sin agus iad a leigheas, leanann an fuath a chothaíonn coinbhleachtaí ar aghaidh, agus tá baol ann go mbuanóidh sé timthriall naimhdis agus deighilte.
- **Géarchéim eacnamaíoch agus shóisialta:** Le hathruithe tapa sóisialta agus cultúrtha, spreagtar meon de chaillteanas agus de mhíbhuntáiste, rud a fhágann go mbíonn an fuath ag dul in olcas. D'fhéadfadh sin a bheith in aghaidh réimse leathan grúpaí agus saoránach, agus cuirtear an milleán orthusan as an ngéarchéim eacnamaíoch agus shóisialta. Ní hamháin go n-eascraíonn an neamh-chomhionannas as tosca sochpholaitiúla agus socheacnamaíocha, ach is féidir leis na tosca sin an neamhshláine agus an eagla a spreagadh freisin.
- **Polaitíocht agus freagracht:** Tá freagracht mhór ar gach polaiteoir agus ar gach pearsa poiblí aghaidh a thabhairt ar an bhfuath agus é a chomhrac, ach is féidir leo féin an fuath a chothú trí chaitheamh go míchuí le grúpaí eitneacha agus trí dhúshaothrú an náisiúnachais, mar aon le deighiltí agus pobalachas ar mhaithe le gnóthachan pearsanta. Is féidir le pearsana polaitiúla agus poiblí laistigh den Aontas agus lasmuigh de araon an fhuathchaint a úsáid chun uaillmhianta críochacha a chothú agus chun an daonlathas a dhídhlisteanú. Déantar deighiltí a dhoimhniú trí thús áite a thabhairt d'argóintí glóracha in ionad dioscúrsa agus plé stuama, rud a chuireann le tuairimí míchuibheasacha agus teoiricí comhcheilge.
- **Meáin, mífhaisnéis, agus cuntasacht:** Cuireann na meáin thraidisiúnta agus líonraí sóisialta leis an méadú atá ag teacht ar an léiriú 'sinne ina gcoinnesean' agus ar an bhfuath i leith grúpaí éagsúla, go minic chun brabús a dhéanamh. Is féidir leis na meáin thraidisiúnta an t-eolas mícheart a thabhairt agus insintí fuafara a chur chun cinn d'aon ghnó. I líonraí sóisialta, tá ról ríthábhachtach ag an anaithnideacht agus algartaim chúbláilte i scaipeadh na fuathchainte agus an idirdhealaithe. Is éard atá sna líonraí sin cainéil le haghaidh mífhaisnéise agus chun steiréitíopaí a bhuanú, go háirithe in aghaidh na mban agus na hóige a ndéantar ciapadh suntasach orthu ar líne. Cuirtear leis an méid sin a thuilleadh mar gheall ar easpa cuntasachta do líonraí agus d'úsáideoirí.
- **Meon an tslua, claontacht, agus éadulaingt:** Gné bhunúsach de nádúr an duine is ea an mhian a bheith páirteach i ngrúpa sóisialta nó i ndinimic, chun bheith 'cosúil le gach duine eile'. Uaireanta féadfaidh an mhian sin a bheith chomh láidir sin go n-eascraíonn fuath agus éadulaingt aisti, is é sin meon 'sinne ina gcoinnesean' i leith 'an dreama eile'. Déanann dinimic sin an amhrais agus an fhuatha difear go háirithe do dhaoine agus do ghrúpaí leochaileacha bunaithe ar eitneacht, stádas imirce, reiligiún, inscne, gnéaschlaonadh, míchumas, stádas teaghlaigh agus tosca socheacnamaíocha. Féadfaidh an easpa oideachais maidir le féiniúlachtaí éagsúla, cultúir éagsúla, caoinfhulaingt, díospóireacht agus cumarsáid, mar aon leis an easpa eolas iontaofa ar líne, míthuiscintí a threisiú agus an chlaontacht a bhuanú, agus d'fhéadfadh fuath eascairt as an méid sin.

Déanann cúiseanna sin an fhuatha difear do gach cuid dár sochaí. Creidimidne, na saoránaigh de na 27 mBallstát den Aontas Eorpach a bhfuil cúlraí éagsúla againn, gur tosaíocht é an comhrac in aghaidh an fhuatha san Eoraip agus ar fud an domhain. Is orainne atá an fhreagracht chomhroinnte gach cineál fuatha a chosc agus a fhreagairt ar an leibhéal aonair, an leibhéal sochaíoch agus an leibhéal institiúideach bunaithe ar luachanna coiteanna agus cearta bunúsacha an Aontais: síocháin, saoirse agus comhionannas. Dá bhrí sin, molaimid gníomhú i réimsí éagsúla chun na cearta bunúsacha sin a chosaint, chun idirdhealú, fuath agus coinbhleachtaí a chosc, chun na daoine is leochailí a chosaint, agus ar deireadh thiar chun Aontas Eorpach urramach cóir a mhúnlú do chách.

## 4.2. 21 mholadh chun an fuath sa tsochaí a chomhrac

### **An córas freagartha ar an bhfuathchoireacht agus ar an bhfuathchaint** – Moltaí 1 go 7

#### Moladh 1:
#### **Eoraip amháin, sainmhíniú amháin: An fhuathchaint a choiriúlú**

Molaimid don Choimisiún meitheal éagsúil a bhunú chun an sainmhíniú coiteann ar ‘fhuathchaint neamhdhleathach’ a thabhairt cothrom le dáta agus a leathnú chun scaipeadh na fuathchainte sin a choiriúlú ar bhealach níos fearr. Leis an sainmhíniú atá ann faoi láthair a glacadh in 2008, dírítear ar chiníochas agus ar sheineafóibe ach eisiatar cineálacha eile fuatha, cuir i gcás an cumasachas agus an t-idirdhealú bunaithe ar ghnéaschlaonadh, inscne, aois, agus tuilleadh fós. Ní mór athbhreithniú práinneach a dhéanamh ar an téarma seanchaite seo chun luachanna ionchuimsitheacha ár sochaí nua-aimseartha a léiriú.

Tá tábhacht ollmhór le sainmhíniú cuimsitheach nua a bheith ann chun gur féidir cion coiriúil a dhéanamh de leathadh na fuathchainte neamhdhleathaí ar fud Bhallstáit uile an Aontais. Cinnteoidh an t-oiriúnú sin go n-aithneofar gach cineál fuathchainte agus go ngearrfar pionós go haonfhoirmeach orthu, rud a neartóidh ár dtiomantas do shochaí níos ionchuimsithí agus níos measúla.

Tríd an bhfuathchaint a chur san áireamh i liosta choireanna an Aontais, is féidir linn pobail imeallaithe a chosaint agus dínit an duine a chaomhnú. Leis an tionscnamh seo déantar idirdhealú idir an fhuathchaint neamhdhleathach agus an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh, rud a chinntíonn go n-aimsímid an chothromaíocht idir cearta bunúsacha agus an gá atá le hidirdhealú agus fuath a chomhrac.

**Réasúnú:**

Comhtháthú sóisialta a chur chun cinn: Tríd an sainmhíniú a thabhairt cothrom le dáta chun gach cineál fuathchainte a chuimsiú, cothaítear sochaí níos ionchuimsithí ina mothaíonn gach duine go bhfuil meas agus luach orthu. Cuireann sé sin an comhtháthú sóisialta chun cinn agus laghdaíonn sé na deighiltí a eascraíonn as fuathchaint gan chosc.

An tsoiléireacht dhlíthiúil a fheabhsú: Le sainmhíniú aontaithe ar fud Bhallstáit uile an Aontais, cuirfear deireadh le neamhréireachtaí agus bearnaí sna cosaintí dlíthiúla. Cinnteofar leis an tsoiléireacht sin go dtabharfar déantóirí choir na fuathchainte chun cuntais, gan beann ar an áit ina bhfuil siad san Aontas.

Pobail imeallaithe a chosaint: Tríd an sainmhíniú a leathnú chun tuilleadh cineálacha idirdhealaithe a chumhdach, soláthraítear cosaint níos fearr do ghrúpaí imeallaithe, rud a laghdaíonn a neamhchosaint ar theanga dhíobhálach agus mhaslach.



Cearta an duine a neartú: Trí gach cineál fuathchainte a choiriúlú, neartóidh an tAontas a ghealltanas do chearta agus do dhínit an duine, agus creataí dlíthiúla á n-ailíniú le luachanna comhaimseartha an chomhionannais agus an mheasa.

Saoirsí a chothromú: Leis an gcur chuige sin, déanfar idirdhealú cúramach idir an fhuathchaint agus an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh, rud a chinnteoidh go gcosnófar an tsaoirse cainte agus cosc á chur an tráth céanna ar chaint lena ngríosaítear foréigean, fuath nó idirdhealú.

Comhbhá agus tuiscint a chothú: Le nochtadh do dhearcthaí éagsúla agus coiriúlú na fuathchainte, spreagfar comhbhá agus tuiscint i measc na saoránach, rud a chuirfidh le sochaí níos síochánta agus níos measúla.

Mar thoradh ar an moladh sin a chur i bhfeidhm, is córa agus is comhtháite a bheidh an Eoraip, mar a mbeidh gach duine, gan beann ar a fhéiniúlacht féin, in ann maireachtáil gan eagla roimh an bhfuath ná roimh an idirdhealú.

#### Moladh 2:
#### **Prótacal freagartha éifeachtaí Eorpach maidir le fógraí fuathchoireachta**

Molaimid próiseas soiléir aonfhoirmeach chun coireanna fuatha a thuairisciú ar fud Bhallstáit uile an Aontais. Ba cheart an próiseas dlíthiúil sin a chur i bhfeidhm go héifeachtach in eagraíochtaí a bhíonn ag idirghníomhú le híospartaigh coireanna fuatha. Molaimid athbhreithniú a dhéanamh ar gach beart a moladh roimhe seo a bhí neamhéifeachtach agus próiseas simplí a fhorbairt chun a chur ar chumas íospartach agus finnéithe gach coir, agus coireanna ar ardáin ar líne san áireamh, a thuairisciú go sábháilte.

Ar an gcéad dul síos, ba cheart go gcinnteofaí leis an bpróiseas dálaí tuairiscithe sábháilte d'íospartaigh agus d'fhinnéithe coireanna fuatha. Má chinntítear a sábháilteacht, féadfar an líon coireanna tuairiscithe a mhéadú. Cuimsítear leis sin bearta cosanta dlíthiúla agus síceolaíochta agus, más gá, cosaint fhisiciúil ar dhaoine atá ag lorg díoltais. D'fhéadfadh obair le ciontóirí, a d'fhéadfadh a bheith ina n-íospartaigh fuatha roimhe seo, a bheith i gceist leis an bpróiseas freisin.

Ar an dara dul síos, ba cheart do na páirtithe uile atá páirteach sa slabhra tuairiscithe coireachta a bheith páirteach sa phróiseas chun an riosca íospartha tánaistí agus an riosca géaraithe tráma a laghdú.

Ar deireadh, ba cheart go dtacófaí leis an bpróiseas le cainéal iomchuí ar líne atá deartha chun coir a thuairisciú go sábháilte.

**Réasúnú:**

Tá an moladh sin tábhachtach toisc go gcuidíonn sé le híospairt thánaisteach na n-íospartach a sheachaint agus/nó a íoslaghdú. Leis an bpróiseas beifear in ann freagairt ar íospartaigh agus cúnamh a thabhairt dóibh go tapa, mar aon le tacaíocht agus cosaint a thabhairt d'fhinnéithe. Éascóidh próiseas den sórt sin gníomhaíochtaí na seirbhísí a gheobhaidh an tuarascáil freisin. Má tá an próiseas éifeachtach, spreagfar an tsochaí chun freagairt do choireanna agus iad a thuairisciú níos minice.

## Moladh 3: **Oifig náisiúnta um fhuath a chomhrac sna Ballstáit**

Molaimid Oifig neamhspleách um fhuath a chomhrac a bhunú i ngach Ballstát. Tá institiúid láidir de dhíth orainn ag a bhfuil údarás dlíthiúil agus a dhéanfaidh cumarsáid éifeachtach, lena soláthraítear cúnamh follasach do dhaoine trí chóras oibiachtúil neamhspleách chun coireanna a thuairisciú.

Ar an gcéad dul síos, beidh an Oifig freagrach as tacaíocht dhlíthiúil agus shíceolaíoch a sholáthar do gach íospartach fuathchoireachta ina mBallstát féin, agus í ag obair go dlúth le heagraíochtaí neamhrialtasacha agus le coiste saoránach. Soláthróidh an Oifig ardán chun coireanna fuatha a thuairisciú go héifeachtach agus go sábháilte do na híospartaigh.

Ar an dara dul síos, oibreoidh an Oifig go dlúth le Grúpa Ardleibhéil an Aontais um chomhrac na fuathchainte agus na fuathchoireachta, nó a leithéid, chun a misean a chomhlíonadh agus chun cur i bhfeidhm na gCód Iompair do ghnólachtaí, d'eagraíochtaí agus do pholaiteoirí a chinntiú. Cuideoidh an comhar sin le timpeallacht éifeachtach thacúil a chruthú d'íospartaigh. Ina theannta sin, d'fhéadfadh an Oifig eolas agus dea-chleachtais a sholáthar do dhaoine aonair atá ag lorg comhairle. Ba cheart do phearsanra na hOifige fónamh ar bhonn téarma.

Ar an tríú dul síos, scaipfidh an Oifig uirlisí, cláir, sásraí agus ábhair an Aontais maidir le fuath, rud a chinnteoidh go mbainfidh siad institiúidí oideachais, institiúidí riaracháin, agus an pobal i gcoitinne amach ar an leibhéal náisiúnta agus réigiúnach. Chun é sin a chinntiú, soláthróidh an Oifig oiliúint do na seirbhísí a bhaineann leis an gcéad fhreagairt tar éis an tuairiscithe.

Ar deireadh, baileoidh an Oifig sonraí faoi choireanna fuatha chun freagairtí éifeachtacha a fhorbairt ar riachtanais an daonra amach anseo.

**Réasúnú:**

Tá méadú tagtha ar an bhfuathchoireacht inár sochaithe deighilte, agus tá folláine na ndaoine ag dul in olcas dá thoradh sin. Chun an fhuathchoireacht a chosc, chun í a fhreagairt agus chun aire a thabhairt do na híospartaigh, is gá institiúidí agus sásraí éifeachtacha a bheith i bhfeidhm. Thairis sin, ag tús gach coire tá smaoineamh nó focal ann. Chun oideachas maidir le meas a chinntiú agus chun feasacht a mhúscailt, is gá institiúid thiomnaithe a bhunú a chuirfidh cosc ar choireanna fuatha agus a thacóidh le híospartaigh, go háirithe ós rud é nach ann d'oifig den sórt sin go fóill ach go bhfuil géarghá léi.

## Moladh 4: **Oiliúint caoinfhulaingthe**

Molaimid go ndéanfaidh an tAontas na cúrsaí oiliúna atá ann cheana maidir leis an bhfuathchoireacht, an fhuathchaint agus an chumarsáid neamhfhoréigneach a scaipeadh ar bhealach níos fearr agus a chur chun cinn do spriocghrúpaí sonracha. I bprionsabal, ba cheart oideachas níos fearr a chur ar gach grúpa sóisialta agus ba cheart dóibh na scileanna a fhorbairt chun an fuath a chomhrac. Mar sin féin, creidimid go bhfuil sé thar a bheith tábhachtach oiliúint níos fearr a sholáthar do dhaoine atá ag obair san earnáil phoiblí (e.g. póilíní nó oibrithe sóisialta). Tar éis an tsaoil, is minic gurb iad seo na chéad daoine lena mbíonn íospartaigh agus daoine atá thíos leis i dteagmháil nuair a d'fhulaing siad fuath. Tá sé thar a bheith tábhachtach go mbíonn státseirbhísigh in ann déileáil go híogair leis an tsaincheist agus leis an duine aonair féin. Ba cheart tairiscint oiliúna thráthrialta a bheith ann do státseirbhísigh i mBallstáit an Aontais, trínar féidir oiliúint ar an láthair agus oiliúint ar líne araon a dhéanamh. Spriocghrúpa tábhachtach eile is ea na cruthaitheoirí ábhair, mar rannpháirtithe agus mar ambasadóirí araon don oiliúint. Bíonn tionchar mór acu ar



spriocghrúpaí óga agus gníomhaíonn siad mar iolraitheoirí. Ba cheart do dhaoine a oibríonn i bpoist phoiblí san Aontas dea-shampla a thabhairt agus an oiliúint a dhéanamh chomh maith. Chun deiseanna oiliúna a chur ar fáil don phobal i gcoitinne, d'fhéadfadh ceardchumainn nó eagraíochtaí eile a bheith páirteach chun an oiliúint a chur chun cinn. D'fhéadfaí fógraí a chur i nuachtáin phobail freisin. Gheobhadh rannpháirtithe teastas as an oiliúint a chríochnú go rathúil, rud lenar féidir leo an inniúlacht atá faighte acu a léiriú don saol mór maidir le déileáil le fuath.

**Réasúnú:**

Is leis na steiréitíopaí agus na clíséanna atá ann a thosaíonn pirimid an fhuatha. Is leis an bhfuathchaint a chuirtear chun cinn iad. Dá bhrí sin, tá sé tábhachtach dul go fréamh na faidhbe. Ní hamháin go mbíonn tionchar ag an oiliúint ar na daoine a dhéanann í, ach ar na daoine thart timpeall orthu chomh maith. Cuireann cúrsaí oiliúna le cláir oideachais fhoirmiúil (mar shampla, oideachas ar scoil nó san ollscoil) ar bhealach tábhachtach. Tá go leor clár agus ábhair oiliúna a ndearnadh meastóireacht mhaith orthu ar fáil san Aontas cheana féin. Mar sin féin, tá sé deacair iad a aimsiú. Chun a chinntiú go mbíonn na cláir a forbraíodh fíor-éifeachtach agus inbhuanaithe, agus go mbaineann siad an spriocghrúpa amach, ní mór iad a fhógairt ar bhealach níos fearr. Tá tábhacht leis an mbéim ar dhaoine san earnáil phoiblí freisin, ós rud é go bhfuil an iomarca cásanna fós ann díobh siúd a raibh taithí dhiúltach acu le gníomhaireachtaí rialtais.

## Moladh 5:
## Feasacht a mhéadú faoin bhfuath agus faoi bhearta agus réitigh atá ann cheana chun cur ina choinne trí fheachtas poiblí

Molaimid don Aontas feachtas poiblí a chur i bhfeidhm maidir le contúirt agus cúiseanna an fhuatha, agus maidir leis na bearta ina aghaidh (ar líne agus as líne araon) chun feasacht a mhúscailt agus chun oideachas a chur ar dhaoine faoina leitheadúlacht agus faoi na contúirtí a bhaineann leis. An tráth céanna, chuirfeadh sé eolas ar fáil faoi thionscnaimh éagsúla an Aontais in aghaidh an fhuatha, agus faoi na bealaí agus na bearta tacaíochta atá ar fáil d'íospartaigh.

Chun go mbeidh feachtais teachtaireachtaí frithfhuatha chomh héifeachtach agus is féidir, molaimid na spriocghrúpaí, an cur chuige, na bealaí agus an t-ábhar a shainiú agus a shonrú go soiléir. Ba cheart dó an méid seo a leanas a dhéanamh:

- An feachtas a dhíriú ar an bpobal i gcoitinne mar aon le grúpaí sonracha agus tábhachtacha (e.g. íospartaigh, déantóirí coire, leanaí);
- Teachtaireachtaí a chur ar bun atá saincheaptha do na grúpaí éagsúla sin agus do chomhthéacs Ballstáit éagsúla an Aontais trí úsáid a bhaint as cineálacha cur chuige atá éadromchroíoch inrochtana agus atá saincheaptha do chomhthéacs gach Ballstáit.
- Béim a leagan ar an bhfreagracht atá ar shaoránaigh uile an Aontais cur i gcoinne an fhuatha a gcasann siad air ina saol féin agus oibriú in aghaidh an fhuatha sin, trí uirlisí praiticiúla agus eolas a sholáthar maidir leis an gcaoi ar féidir leo an méid sin a dhéanamh;
- Bealaí cumarsáide traidisiúnta agus neamhghnácha araon a úsáid as líne agus ar líne chun na teachtaireachtaí frithfhuatha a scaipeadh chun teacht ar fho-chodanna éagsúla den tsochaí trí bhealaí níos éifeachtaí agus níos áisiúla don úsáideoir.
- Páirt a thabhairt do na meáin thraidisiúnta agus na meáin shóisialta, mar aon le tionchairí agus guthanna na n-íospartach, i ndréachtú agus i gcomhroinnt na dteachtaireachtaí sin chun a chinntiú go mbeidh siad níos éifeachtaí agus go mbainfidh siad na daoine cearta amach.

**Réasúnú:**

Cé go bhfuil creataí éagsúla againn cheana lena dtugtar aghaidh ar an bhfuath ar leibhéal an Aontais, ní leor an méid atá déanta chun na saoránaigh den Aontas a chur ar an eolas faoi na tionscnaimh sin. Níl a fhios ag formhór na saoránach san Aontas cad iad na cláir, na tionscnaimh agus na rialacháin atá ann ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta araon. Den chuid is mó, díríonn tuarascálacha, nuacht agus díospóireachtaí maidir leis an bhfuath ar chásanna fuatha agus ar a bhfuil ag dul amú, rud atá tábhachtach ach a chuireann íomhá ghruama chlaonta chun cinn. Dá bhrí sin, ba cheart tuarascálacha dearfacha a bheith ann freisin maidir leis an gcaoi a ndéantar an fuath a chomhrac, mar aon le moltaí praiticiúla maidir leis an méid is féidir le daoine a dhéanamh chun cur ina choinne.

Molaimid feachtas múscailte feasachta, seachas dlí crua nó cód iompair maidir leis an méid is ceadmhach do na tionchairí agus do na meáin ghairmiúla a rá, mar d'fhéadfadh sé go mbreathnófaí ar an gcur chuige sin mar chinsireacht agus d'fhéadfadh sé frithghníomhú agus míshástacht a chruthú i measc daoine a bhfuil tuairimí éagsúla acu agus sa tsochaí i gcoitinne. Trí dhíriú ar fhor-rochtain agus ar mhúscailt feasachta, d'fhéadfaí a chur ar chumas na saoránach tuiscint a fháil ar thábhacht an ábhair agus iad a ullmhú chun rannchuidiú le réitigh a chur i bhfeidhm agus chun cur i gcoinne an fhuatha ina saol féin.

**Sonraíochtaí:**

Spriocghrúpaí: Tá sé tábhachtach teagmháil a dhéanamh le codanna leathana den tsochaí tríd an bhfeachtas feasachta seo, chun tuairimí an phobail a athrú agus chun a chinntiú gur athruithe inbhuanaithe a bheidh sna hathruithe ar thuairimí agus ar iompar. Cinnteofar leis sin freisin go leanfaidh na daoine a bhíonn ag cur i gcoinne an fhuatha cheana de bheith ag gníomhú dá réir. An tráth céanna, chun a chinntiú go mbeidh na feachtais sin éifeachtach agus go mbeidh tionchar acu, tá sé tábhachtach feachtais agus teachtaireachtaí a shaincheapadh do spriocghrúpaí éagsúla, amhail íospartaigh, comhghuaillithe, leanaí, tuismitheoirí, múinteoirí agus déantóirí coire. Trí na cúiseanna atá le mothúcháin fuafara a mhíniú, is féidir linn cuidiú le daoine a d'fhéadfadh a bheith páirteach i gcaint nó iompar fuafar tuiscint a fháil ar a gcúiseanna agus ar thionchar a ngníomhartha. Ba cheart na feachtais a bheith i dteangacha nach teangacha oifigiúla den Aontas iad freisin, chun teagmháil a dhéanamh le daoine nach bhfuil teanga an stáit acu ina bhfuil cónaí orthu

Bealaí: Ba cheart úsáid a bhaint as raon leathan bealaí chun oideachas a chur ar an bpobal maidir le cad is caint thoirmiscthe dhochrach fhuafar ann agus maidir leis an iompraíocht a mholtar, agus maidir le tionscnaimh agus bearta éagsúla atá ann cheana san Aontas. Sa bhreis ar na meáin shóisialta, cainéil teilifíse agus léirithe scannán, ba cheart don fheachtas úsáid a bhaint as sraith leathan modhanna as líne atá cruthaitheach neamhghnách tarraingteach, mar shampla, cláir fógraí, nuachtáin éagsúla, foilseacháin speisialaithe ar an ábhar (rud a d'fhéadfadh a bheith saor in aisce), leoraithe, raidió, scáileáin sa mheitreo/ ar an iompar poiblí, fógráin ollmhargaidh, nuachtáin, admhálacha siopadóireachta (mar a tharla le feachtas Ostarach atá dírithe ar fhoréigean in aghaidh na mban) agus bearta comhchosúla. Go sonrach, d'fhéadfaí scannán saor in aisce ar an ábhar a chraoladh saor in aisce ar fud an Aontais. Cur chuige tábhachtach eile is ea páirt a thabhairt do thionchairí, mar shampla, aisteoirí, amhránaithe agus daoine sna meáin, sna feachtais múscailte feasachta chun teagmháil a dhéanamh leis na glúnta óga agus le lucht féachana eile trí úsáid a bhaint as formáidí atá oiriúnach dóibh. Ina theannta sin, molaimid oibriú le tionchairí ar íospartaigh iad féin chun na teachtaireachtaí sin a dhréachtú agus a scaipeadh.

Ábhar: Lena chinntiú go ndéanfar na feachtais a dhearadh go maith, ba cheart páirt a bheith ag gairmithe ó earnálacha éagsúla (fógraíocht, síceolaíocht, grúpaí íospartach, etc.) agus ag grúpa fócais éagsúil ina bhfuil na spriocghrúpaí éagsúla a bhfuil sé d'aidhm ag an bhfeachtas teacht orthu (íospartaigh, tionchairí, daoine óga, srl.) i ndearadh an ábhair. Ba cheart feachtais a shaincheapadh chun cineálacha éagsúla fuatha a chomhrac, mar shampla, in aghaidh mionlach, inimirceach, daoine faoi mhíchumas, an phobail LGBTQI+, na Romach agus na nGiúdach. Ní mór iad a shaincheapadh freisin don staid i dtíortha éagsúla an Aontais agus go gcuirfidís leis na tionscnaimh agus na bearta atá ann cheana. Ba cheart go ndíreoidís freisin ar theachtaireachtaí dearfacha lena gcuirtear Aontas Eorpach gan fuath chun cinn agus lena dtugtar eolas faoi bhearta agus tionscnaimh éifeachtacha atá ann cheana in aghaidh an fhuatha. Ba cheart tuilleadh tuarascálacha a bheith ann freisin maidir le gníomhaíochtaí, díospóireachtaí agus tionscnaimh institiúidí an Aontais sa nuacht náisiúnta.

Cur chuige: Ba cheart go mbeadh an feachtas seo tarraingteach greannmhar chun dul i bhfeidhm ar dhaoine agus iad a athrú (i gcodarsnacht leis an dearcadh atá ag formhór na saoránach ar an gcuid is mó d'fheachtais an Aontais). Ba cheart dó díriú freisin ar shaoránaigh a mhealladh ar bhealach níos dírí. Mar shampla, d'fhéadfadh an tAontas tús a chur le comórtais phoiblí nó duaiseanna arb é is aidhm dóibh moltaí na saoránach a chur san áireamh maidir le cineálacha chruthaitheacha éifeachtacha de chur chuige chun feachtais a dhéanamh. Ina theannta sin, ba cheart don fheachtas obair dheonach agus rannpháirtíocht saoránach a spreagadh. Páirt a thabhairt do pháirtithe leasmhara éagsúla, ar nós daoine a bhfuil sé de chumhacht acu a scéalta pearsanta a chomhroinnt agus gnólachtaí móra nó na meáin chumarsáide, ar bhonn deonach. Mar shampla, d'fhéadfadh bainisteoirí oibriú le grúpaí leochaileacha sa tsochaí agus íospartaigh a nascadh le chéile. Ní mór na hacmhainní daonna agus airgeadais is gá chun na cuspóirí sin a bhaint amach a urrú. D'fhéadfadh na feachtais díriú freisin ar fheasacht sa spórt a ardú i measc lúthchleasaithe agus luchtanna féachana trí pháirt a thabhairt do chlubanna, do na meáin agus do pholaiteoirí chun aghaidh a thabhairt ar shaincheist na fuathchainte. Molaimid cineálacha cur chuige níos cruthaithí, níos greannmhaire agus níos tarraingtí a úsáid, mar shampla, d'fhéadfadh feachtas a bheith ann le lógó 'pasta in aghaidh fuatha' agus cód QR ar an bpasta, nó ar phacáistí bia eile (nó páipéar leithris de rogha air sin), a rachadh chuig eolas faoin tionscnamh, de réir na dtáirgí is mó a bhfuil tóir orthu i ngach Ballstát.

## Moladh 6: **Fóirithint fógraí in aghaidh an fhuatha**

Molaimid go ndéanfaí an straitéis chumarsáide seo a leanas a chur san áireamh chun an fuath a chomhrac:

- Téacsteachtaireachtaí gearra gutháin maidir le cuimsitheacht do gach saoránach (mar shampla, iad a fháil ar bhonn seachtainiúil/míosúil);
- Póstaeir ag stadanna bus a chuireann an chuimsitheacht chun cinn;
- Cláir fógraí mhóra dóibh siúd atá bréan de na meáin shóisialta, mar shampla, cláir fógraí thoghcháin an Aontais a úsáid le haghaidh teachtaireachtaí dearfacha ar chaint fhrithfhuatha;
- Fógraí Google maidir le fuath a chomhrac, má roghnaíonn tú a bheith páirteach;
- Emoji agus méimeanna a chruthú le haghaidh teachtaireachtaí frithfhuatha;
- Nótaí dearfacha a chur le teachtaireachtaí oifigiúla atá ann cheana (ar nós doiciméad rialtais);
- Físeáin feasachta a léiriú ar an teilifís, nó i bpictiúrlanna roimh scannán (atreisiú dearfach a dhéanamh de nuair is féidir);
- Taispeántais oscailte ag imeachtaí spóirt (na Cluichí Oilimpeacha nó Corn an Domhain mar shampla) a úsáid chun feasacht a scaipeadh, cuir i gcás, Banríon Shasana le Paddington Bear ag na Cluichí Oilimpeacha i Londain, rud a bhí ina ábhar oiriúnach/croíúil;
- Físeáin níos faide a sheinm ag imeachtaí spóirt agus 'cleas' iontu, is é sin an t-imreoir ábhartha a bheith páirteach san fhíseán féin (e.g. peileadóir ag cluichí peile);
- Feachtais ina bhfuil daoine mór le rá/tionchairí (Pommelien sa Bheilg, mar shampla) chun feasacht a mhúscailt ar ábhair a bhaineann le fuath.

**Réasúnú:**

Beidh an méid seo a leanas ann dá thoradh sin:

- Timpeallacht meán sóisialta níos sláintiúla agus níos sábháilte, cineál eile meán sóisialta, ceann atá níos idirphearsanta.
- Sochaí níos sláintiúla, níos feasaí agus níos sona.
- Eoraip níos fearr agus níos lú deighilte inti.
- Staid ina seachnaítear géarú agus ina bhfeictear ar rudaí ina gceart.

## Moladh 7:
## Ardán uile-Aontais a chruthú ina dtugtar le chéile eolas, acmhainní, bearta agus córais tacaíochta maidir le fuath

Molaimid ardán a chruthú a bheidh á reáchtáil ag an Aontas agus a bheidh éasca a nascleanúint agus saor in aisce, lena soláthrófar rochtain ar ábhair eolais, ar nós sainmhínithe, alt, físeán, agus tionscnamh eile ó eagraíochtaí atá dírithe ar chur i gcoinne an fhuatha. Ba cheart an stíl agus struchtúr an ardáin a bheith áisiúil don úsáideoir. Dá réir sin, d'fhéadfadh rannán a bheith ann a dhíreodh ar dhaoine óga le heolas faoi shaincheisteanna a d'fhéadfadh a bheith rompu ina saol laethúil agus leideanna praiticiúla san áireamh ina leith. Ba cheart díriú ar na bearta lenar tugadh cuidiú go rathúil le híospartaigh agus ar chomhairle phraiticiúil do dhaoine ar fud na sochaí maidir leis an gcaoi ar féidir leo tacú go héifeachtach le híospartaigh, go háirithe i gcásanna laethúla ina bhféadfadh siad iompar fuafar a fheiceáil. Ba cheart do dhaoine a bheith in ann nascadh le daoine eile a bhfuil fadhbanna comhchosúla acu agus tacú leo freisin. Thairis sin, d'fhéadfaí sainmhíniú na faidhbe, moltaí agus gach ábhar ábhartha ón bPainéal Saoránach Eorpach maidir leis an bhfuath sa tsochaí a chomhrac a chur san áireamh ar an ardán.

Chun éifeachtacht a chinntiú, is féidir an intleacht shaorga a úsáid chun cuidiú le daoine idirghníomhú leis ar bhealach níos nádúrtha agus teacht ar ábhar ábhartha, e.g. treoir agus moltaí a sholáthar d'íospartaigh agus do chomhghuaillithe agus iad a chur ar aghaidh chuig na bealaí agus na heagraíochtaí cearta le haghaidh tacaíochta. Thairis sin, d'fhéadfadh roghanna áirithe a chur san áireamh ar an ardán d'úsáideoirí chun aiseolas sonrach a sholáthar maidir leis na hacmhainní a bhí cabhrach agus conas a d'fhéadfaí é a fheabhsú a thuilleadh.

Thairis sin, ba cheart don suíomh gréasáin sin daoine a spreagadh, a chumasú agus a chumhachtú chun smaoineamh go criticiúil ar na saincheisteanna sin seachas a bheith róshriantach nó teanntásach, rud a d'fhéadfadh daoine a chur ó dhoras. D'fhéadfadh an méid sin a bheith ábhartha go háirithe do dhéantóirí coire nó do dhaoine atá níos oscailte don fhuathchaint agus do theachtaireachtaí fuatha, chun smaointeoireacht chriticiúil agus bailiú eolais a spreagadh. Ba cheart tacaíocht agus modhnóireacht a sholáthar chun saoirse cainte a chinntiú, díospóireachtaí cuiditheacha a éascú, rialú ábhair a fheidhmiú, agus géarú a chosc.

D'fhéadfadh cuideachtaí móra meán sóisialta cúnamh a thabhairt maidir le feidhm a chur chun feidhme ina n-atreorófaí úsáideoirí chuig an ardán chun tacaíocht a fháil má cheapann siad go bhféadfadh fuath a bheith i bpostálacha áirithe. D'fhéadfadh cláir atreoraithe nó córais luaíochta a bheith ann a nascann leis an suíomh gréasáin ba cheart a bheith cruthaitheach agus tarraingteach d'fhochodanna éagsúla den daonra.

**Réasúnú:**

Is é is aidhm don mholadh seo ardán a chruthú nach dtagann in ionad smaointe comhchosúla, ach a chruthaíonn bunachar sonraí d'acmhainní úsáideacha. Dá bhrí sin, ba cheart an t-ardán a idirnascadh le suíomhanna gréasáin eile atá ann cheana, le hacmhainní maidir le fuath agus le bealaí tacaíochta d'íospartaigh an fhuatha agus do ghrúpaí an-leochaileacha chun é a dhéanamh chomh héasca agus chomh cabhrach agus is féidir. Aidhm eile den ardáin is ea feasacht a mhúscailt agus rannpháirtíocht chomhfhiosach le hacmhainní ábhartha a chur chun cinn. Cé go bhfuil an iliomad tionscnamh, acmhainní agus feachtas éagsúil ann, níl a fhios ag formhór na ndaoine cén áit leis an eolas agus an cuidiú sin ar fad a fháil. D'fhéadfaí é sin a chumasú trí ardán lárnach amháin ina bhféadfadh daoine teacht ar an eolas sin go léir. D'fhéadfadh feachtas feasachta a bheith ag an suíomh gréasáin freisin.

Ar an ardán, d'fhéadfadh malartuithe duine le duine (trí fheidhm chomhrá mar shampla) cuidiú le daoine mothúcháin, taithí agus bacainní éagsúla a thuiscint i bhfíor-am i gcompord a dtithe féin. D'fhágfadh sé sin go bhféadfadh íospartaigh a n-eispéireas a chomhroinnt freisin agus teagmháil a dhéanamh le duine a d'fhéadfadh cuidiú leo mothú níos fearr, agus a n-imní a mhaolú ar an gcaoi sin.

Dúshlán amháin don ardán seo is ea go bhféadfadh sé a bheith deacair é a chur i bhfeidhm agus a chinntiú go bhfuil struchtúr an tsuímh gréasáin éasca a thuiscint, a rochtain agus a nascleanúint do na saoránaigh. Ar an dóigh chéanna, beidh sé dúshlánach an suíomh gréasáin a dhéanamh suimiúil go leor ionas go dtabharfadh cuid mhór saoránach den Aontas cuairt air as a stuaim féin. Thairis sin, cé go bhfuil an painéal ar an eolas faoi na dúshláin a bhaineann le suíomh gréasáin den sórt sin a chruthú sna teangacha go léir atá ag teastáil, creidimid gur iarracht fhiúntach a bheadh ann. Más féidir le daoine scéalta pearsanta íospartach a chomhroinnt ar an suíomh gréasáin, d'fhéadfadh sé sin a bheith ní ba mhealltaí agus ní b'éifeachtaí ó thaobh mothúchán de. Is feiniméan é an fuath a bhí ann roimh an idirlíon, cé go bhféadfadh sé gur in olcas a chuaigh cúrsaí mar gheall ar an idirlíon, agus ní féidir le haon ardán amháin é a réiteach go héasca. Creideann an painéal, áfach, go bhféadfadh an t-ardán a bheith ina bhealach éifeachtach chun feasacht agus eolas a mhéadú faoi leitheadúlacht an fhuatha, ach chun daoine a ullmhú freisin chun an fuath a fheiceann siad as líne agus ar líne araon a leasú agus déileáil leis.



## Ról na meán agus na polaitíochta – Moltaí 8 go 10

### Moladh 8: Coiste iontaobhais neamhspleách a bhunú

Molaimid coiste iontaobhais neamhspleách a bhunú chun cód iompair a bhunú d'fheisirí Pharlaimint na hEorpa agus monatóireacht a dhéanamh ar an bhfuathchaint agus ar an mífhaisnéis. Ba cheart saineolaithe ildisciplíneacha (mar shampla saoránaigh, saineolaithe dlí, síceolaithe, socheolaithe, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus saineolaithe polaitiúla) a bheith ar an gcoiste iontaobhais agus ba cheart do na saoránaigh sin a mhaoirsiú. Chun ionadaíocht leathan a chinntiú, is go randamach a roghnófar na saoránaigh – agus forfheidhmeofar critéir chun ionadaíocht grúpaí leochaileacha sa tsochaí a fheabhsú. A luaithe a bhunófar é, pléifidh an coiste cód iompair a bheidh infheidhme maidir le hoifigigh phoiblí agus údaráis phoiblí agus déanfaidh sé cinneadh ina leith. Tá an cód iompair inathraithe. Bainfidh an coiste iontaobhais úsáid as an gcód iompair chun sonraí a bhailiú, monatóireacht a dhéanamh ar an gcur i bhfeidhm agus treoirlínte breise a fhorbairt maidir leis an bhfuathchaint a shainaithint agus a chomhrac. Beidh pointe teagmhála oifigiúil ag an gcoiste iontaobhais le saoránaigh eile den Aontas freisin, chun sáruithe agus fuathchaint ó pholaiteoirí a thuairisciú. Déanfaidh na comhaltaí sealaíocht ar a chéile chun iolrachas i measc an choiste a chinntiú. Chun ionracas an choiste a choinneáil, forfheidhmeoidh sé rialacha dochta maidir le ballraíocht sa choiste iontaobhais chun coinbhleachtaí leasa na gcomhaltaí a chosc.

**Réasúnú:**

Tá gá le coiste iontaobhais a dhéanann monatóireacht, rianú agus forbairt ar chur i bhfeidhm cód iompair in aghaidh fuathchainte, chun daoine aonair agus pobail a chosaint ar thionchair dhíobhálacha na fuathchainte, go háirithe ó oifigigh agus údaráis phoiblí. Trí chód iompair cuimsitheach a fhorbairt bunaithe ar ionchur ó shaineolaithe dlí, síceolaithe, socheolaithe, saoránaigh agus ó dhaoine eile, is féidir leis an gcoiste sin treoirlínte soiléire agus ionchais maidir le hiompraíocht a shocrú. Tá coiste iontaobhais den sórt sin ríthábhachtach chun muinín in institiúidí agus in ionadaithe a fháil ar ais agus a chothú. Cinntítear níos mó trédhearcachta trí chód iompair maidir le hiompraíocht mhuiníneach a chur i bhfeidhm agus monatóireacht a dhéanamh air. Gníomhóidh an coiste go neamhspleách agus go trédhearcach agus is iad na saoránaigh a dhéanfaidh maoirseacht air, rud a mhéadaíonn a dhlisteanacht. Chun bheith éifeachtach, ní mór foireann ildisciplíneach atá curtha le chéile go maith a bheith ag an gcoiste, rud a dhéanfaidh ionadaíocht ar dhearcthaí éagsúla agus ar ghrúpaí leochaileacha.

### Moladh 9: Iontaofacht, fíorais agus trédhearcacht: Maoiniú eolais a fhíorú agus a shoiléiriú

Molaimid a cheangal ar na meáin oibriú i gcomhar le heagraíochtaí neamhspleácha seiceála fíricí, a bheith trédhearcach maidir lena bhfoinsí maoinithe, saoránaigh a spreagadh chun an t-eolas a fhaigheann siad a fhíorú, agus tionchar polaitiúil lucht féachana na meán a theorannú, tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Prótacail dhiana a bhunú chun eolas a fhíorú agus a dheimhniú do dhaoine aonair, do chomhlachais agus do chuideachtaí a bhfuil cuspóir tráchtála acu agus/nó a úsáideann cistí poiblí (e.g. chun a stádas dlíthiúil a nochtadh);
- Meáin neamhspleácha le haghaidh éagsúlacht foinsí níos fearr, maoiniú staidéar deimhniúcháin agus tairbhithe scaipthe eolais a fhoilsiú;
- Feachtais a sheoladh chun feasacht a mhúscailt i measc na saoránach maidir leis an tábhacht a bhaineann le heolas a fhíorú;
- Teorainn a chur leis an líon eagraíochtaí meán is féidir a bheith ag duine nó ag cuideachta amháin (raidió, teilifís, ardáin shóisialta, nuachtáin, etc.);

Ní mór uirlis 'Bosca Dubh'* a bheith inrochtana go héasca ag an bpobal agus a bheith éigeantach do dhaoine nó do chuideachtaí a bhfuil cuspóir tráchtála acu nó a maoiníonn tríú páirtí iad; cuirfear smachtbhannaí ar na daoine nó ar na cuideachtaí sin de réir a láimhdeachais dhomhanda i gcás scaipeadh deonach bréagnuachta/ fuathchainte.

**Réasúnú:**

Le scaipeadh na mífhaisnéise, cothaítear deighiltí agus fuath inár sochaí. Trína chinntiú go bhfíoraíonn comhlachtaí neamhspleácha an t-eolas agus trí na meáin neamhspleácha a mhaoiniú, is féidir linn míthuiscintí agus ionramháil a laghdú. Leis an trédhearcacht maidir le foinsí maoinithe do na meáin a bhaineann tairbhe as scaipeadh eolais, neartaítear muinín an phobail sna meáin. Thairis sin, tá sé ríthábhachtach saoránaigh a spreagadh chun dearcadh níos fiosraí agus níos criticiúla a ghlacadh i leith an eolais a fhaigheann siad chun go mbeidh sochaí níos feasaí agus níos acmhainní ann i bhfianaise na mífhaisnéise. Cuidíonn na cuir chuige sin le sochaí níos aontaithe a chur chun cinn agus le hiolrachas guthanna a chinntiú i spás na meán.

** 'Bosca Dubh' i gcoinne Mediapart sa Fhrainc: trédhearcacht foinsí, próiseas fíorúcháin, modheolaíocht taighde, comhthéacsanna agus teorainneacha, úinéireacht na meán, agus maoiniú na meán.*

### Moladh 10:
### Casann an Eoraip ort: Meáin rannpháirteacha do na saoránaigh

Molaimid rannpháirtíocht na saoránach a mhéadú chun ábhar na meán a dhlisteanú agus chun cultúr comhroinnte frithpháirteachais agus urraime a chothú lena gcuirfear deireadh leis an bhfuath. Beidh an rannpháirtíocht sin bunaithe ar thrí bhealach a thiocfaidh lena chéile, mar atá:

Eagraíocht meán rannpháirteach ina gcuireann saoránaigh le roghanna eagarthóireachta. Beidh an córas sin bunaithe ar líonraí agus cuideachtaí atá ann cheana, idir phoiblí agus phríobháideach, a dhreasófar chun eolas ardcháilíochta a fhoilsiú trí chistí nua. Beidh luach ar na bealaí áitiúla go háirithe mar na bealaí is gaire do na saoránaigh, mar aon le painéil saoránach ar an leibhéal áitiúil agus náisiúnta chun a dtosaíochtaí sna réimsí sin a thuiscint;

Fóram le haghaidh díospóireachtaí i bhfoirm bealaigh mheán sóisialta agus aip tharraingteach áisiúil don úsáideoir a chosnófar le rialacha trédhearcachta;

Stór comhoibritheach ar líne ina stórálfar nuacht agus plé ar ardchaighdeán chun é a chur ar a gcumas do na saoránaigh stair chomhroinnte a fhorbairt le haghaidh oideachas na hóige agus dul chun cinn i bpríomhábhair le haghaidh thodhchaí an Aontais.

Cuirfidh an córas sin luachanna an Aontais in iúl in aghaidh na fuathchainte, luachanna a sainíodh roimhe seo i gcairt choiteann. Déanfaidh comhlacht a bhfuil feidhmeanna ombudsman aige agus coiste eitice ábhar a scagadh lena chinntiú go bhfuil sé ag teacht leis na luachanna sin; tá machnamh le déanamh freisin ar an bhféidearthacht an intleacht shaorga a úsáid. Ar deireadh, déanfaidh rogha coiste saoránach monatóireacht ar chur i bhfeidhm an chórais sin agus cinnteoidh siad nach ndéanfar leasanna eacnamaíocha nó idé-eolaíocha a chur i gcion ar roghanna eagarthóireachta.

**Réasúnú:**

Tá an moladh sin tábhachtach toisc go gcuimsítear ann go díreach na saoránaigh, rud a dhlisteanaíonn institiúidí an Aontais iad féin trí dhaonlathas díreach. Cuirfidh sé ar chumas na saoránach eolas a fháil faoi cibé rud is mian leo agus gan bheith faoi thionchar polaitiúil, mar shampla, chun aontú lena rialtas náisiúnta. Tá aird ar leith dírithe ar dhaoine óga mar go measann an córas meán seo freisin modhanna cumarsáide atá níos gaire dóibh ná na cainéil teilifíse thraidisiúnta. Ar an gcaoi chéanna, is féidir leanaí a chur san áireamh trí ábhar saincheaptha ar nós cúrsaí nó cluichí oideachais, de réir a n-aoise. Creidimid go bhfuil an córas sin tábhachtach chun deireadh iomlán a chur leis an mbréagaisnéis agus leis an bhfuathchaint toisc go mbeidh sé ina ardán meán nach n-iompraíonn teachtaireachtaí fuatha. Mar is eol dúinn, tá baol ann nach n-úsáidfidh daoine an córas seo agus, mar sin, beidh orainn a chinntiú go mbeidh sé tarraingteach mealltach trí chistí cuí a infheistiú sa chóras.

## An saol digiteach agus teicneolaíocht – Moltaí 11 go 14

### Moladh 11:
### An bhoilgeog a phléascadh: Dearcthaí éagsúla a chur chun cinn ar na meáin shóisialta

Chun an radacú ar líne a chomhrac, molaimid go dtabharfaí sainordú d'ardáin meán sóisialta an t-ábhar a thaispeántar d'úsáideoirí a éagsúlú. Is minic a chruthaíonn algartaim bothanna macallaí, a bhrúnn ábhar claonta agus a threoraíonn úsáideoirí chuig ábhar den chineál céanna. Trí algartaim a choigeartú chun raon níos leithne dearcthaí a chur i láthair, is féidir linn ceannasacht aon dearcadh aonair a chosc agus tuiscint níos cothroime ar ábhair a chur chun cinn.

Cén chaoi? Cinntítear leis an réiteach a bheartaímid, nuair a fhéachann úsáideoirí ar ábhar antoisceach, go dtaispeánfaidh an t-algartam ábhar ó dhearcthaí contrártha ina dhiaidh sin. Leis an gcur chuige sin, spreagtar úsáideoirí chun insint níos caolchúisí agus níos cuimsithí a fheiceáil, rud a phléascfaidh na mboilgeog ábhair atá á n-aonrú faoi láthair ar bhealach éifeachtach.

Ní hamháin go laghdófar baol an radacaithe leis an straitéis sin, ach cothófar smaointeoireacht chriticiúil agus comhbhá léi freisin trí thuairimí éagsúla a nochtadh d'úsáideoirí. Tríd an athrú sin a chur i bhfeidhm, beidh na meáin shóisialta ina spás níos eolasaí agus níos cothroime, rud a chuirfidh le timpeallacht níos sláintiúla ar líne do chách.

**Réasúnú:**

Smaointeoireacht chriticiúil fheabhsaithe: Trí dhearcthaí éagsúla a nochtadh d'úsáideoirí, cothaítear smaointeoireacht chriticiúil agus spreagtar daoine aonair chun meastóireacht níos críochnúla a dhéanamh ar eolas, rud a laghdaíonn so-ghabhálttacht i leith idé-eolaíochtaí radacacha.

Deighilt laghdaithe: Trí bhothanna macallaí a bhriseadh síos, is féidir leis an gcur chuige sin deighilt shochaíoch a laghdú, agus idirphlé agus tuiscint a chur chun cinn idir grúpaí éagsúla.

Pobal feasach: Le rogha eolais níos cothroime, cinntítear go mbíonn an pobal níos feasaí faoi shaincheisteanna éagsúla, as a dtiocfaidh plé níos caolchúisí agus cinnteoireacht níos tuisceanaí.

Meabhairshláinte fheabhsaithe: Nuair a thógtar isteach ábhar éagsúil, is féidir imní agus strus a laghdú a bhaineann le heolas athráiteach a d'fhéadfadh a bheith gríosaitheach.

Neartú daonlathach: Is fearr is féidir le sochaí a léirítear dearcthaí éagsúla do na daoine inti páirt a ghlacadh i bpróisis dhaonlathacha, agus daonlathas níos sláintiúla agus níos athléimní á chothú.

Tríd an moladh sin a chur i bhfeidhm, beidh na meáin shóisialta ina n-ardán oideachais agus plé cuiditheach, rud a fhágfaidh go mbeidh sochaí níos feasaí, níos comhtháite agus níos comhbháiche ann ar deireadh.

## Moladh 12: Aghaidh a thabhairt ar anaithnideacht ar líne chun an fuath a chomhrac

Molaimid go rialófar anaithnideacht ar líne ionas gur fearr a dhéanfaidh na húdaráis iomchuí déantóirí coire na fuathchainte a rianú, a imscrúdú agus a thabhairt chun cuntais.

Dá bhrí sin, molaimid an méid seo a leanas:

Go ndéanfaidh an tAontas Eorpach agus na Ballstáit cur i bhfeidhm rialachán agus reachtaíocht atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo a fhorfheidhmiú;

- Córas fíordheimhnithe céannachta a chur ar bun ar leibhéal gach Ballstáit, ina mbaileofar an t-íosmhéid eolais is gá chun duine a shainaithint trí thairseach a bhainistíonn an rialtas. Ba cheart é sin a chomhchuibhiú de réir a chéile ar leibhéal na mBallstát;
- Ceanglas go n-oibreodh na hardáin meán sóisialta is tábhachtaí i gcomhar níos fearr le húdaráis Eorpacha agus náisiúnta maidir le reachtaíocht atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo a chur i bhfeidhm agus maidir le húsáid an chórais fíordheimhnithe céannachta;
- Feasacht a mhúscailt d'úsáideoirí ar líne maidir lena bhfreagrachtaí agus ábhar á phostáil acu trí Chairt Iompair Eorpach nua, a chuirfear chun feidhme ar fud na n-ardán meán sóisialta is tábhachtaí agus trí eintitis phoiblí, scoileanna agus grúpaí pobail.

**Réasúnú:**

Tá an moladh sin tábhachtach toisc go bhfuil méadú suntasach ar an bhfuathchaint, go háirithe ar líne. Dá ndéanfaí anaithnideacht a rialáil, bheadh déantóirí coire fuatha ar líne níos inaitheanta agus níos cuntasaí.

Mar sin féin, ní mór anaithnideacht a chosaint bunaithe ar thuiscintí atá ann faoi láthair ar shaoirse cainte, lena ráthaítear saormhalartú dearcthaí agus tuairimí ar líne.

## Moladh 13: Cárta Scimeála Sábháilte an Aontais

Molaimid Cárta Scimeála Sábháilte Eorpach a thabhairt isteach do leanaí ó 8 mbliana ar aghaidh. Bheadh an cárta sin ar fáil freisin i leagan oiriúnaithe d'aoisghrúpaí níos sine. Leis an gcárta sin, gheobhaidh leanaí na scileanna is gá chun an t-idirlíon a nascleanúint go neamhspleách agus go sábháilte agus chun déileáil le hábhar fuafar ar líne. I gcúrsa oiliúna a reáchtálfaidh eagraíochtaí sochaí sibhialta i scoileanna, d'fhoghlaimeodh leanaí ar bhealach a bheadh oiriúnach dá n-aois, i measc nithe eile:

- Conas is féidir liom ábhar fuatha a aithint agus a fhreagairt?
- Cad dó a gcaithfidh mé a bheith ag faire amach chun nach scaipfinn féin ábhar fuatha (i ngan fhios dom)?
- Cé leis ar féidir liom teagmháil a dhéanamh má bhím ag fulaingt an fhuatha?
- Cá bhfuil teorainneacha an phríobháideachais?

Ba cheart an oiliúint a bheith spraíúil aoisoiriúnach. Ba cheart tacú leis na hoiliúnóirí (eagraíochtaí sochaí sibhialta, eagraíochtaí neamhrialtasacha, etc.) le cistiú iomchuí riachtanach ón Aontas agus ó na Ballstáit. Ba cheart caighdeáin choiteanna maidir le téarmaíocht a sholáthar do na hoiliúnóirí freisin. Nuair a bheidh an oiliúint curtha i gcrích ag na páistí, gheobhaidh siad Cárta Scimeála Sábháilte an Aontais. Ar an leibhéal náisiúnta, ba cheart do thuismitheoirí agus do mhúinteoirí a bheith páirteach i gcur chun cinn agus i gcur i bhfeidhm an chárta (agus cineál deonach an chárta á chur san áireamh), agus, an tráth céanna, ar leibhéal an Aontais ba cheart cur chun cinn Chárta Scimeála Sábháilte an Aontais a bheith éigeantach i ngach Ballstát. Ina theannta sin, ba cheart féachaint an bhféadfaí rochtain ar ábhar áirithe ar an idirlíon a nascadh le ceadúnas tiomána a fháil. Ba cheart deis a bheith ag leanaí a bhfuil ceadúnas tiomána faighte acu líonrú a dhéanamh ar líne le leanaí eile ó gach cearn den Aontas.

**Réasúnú:**

Measaimid go bhfuil an smaoineamh éifeachtach toisc go mbeadh leanaí óga, go háirithe, bródúil as Cárta Scimeála Sábháilte an Aontais a bheith acu (cosúil le ceadúnas rothair). Leis an gcárta, beidh sé níos fusa do thuismitheoirí nach mbíonn na scileanna is gá acu go minic lena gcuid páistí a ullmhú chun an t-idirlíon a úsáid go sábháilte. Is féidir leo coinníollacha éagsúla a chur leis an gcárta a fháil chomh maith (e.g. rochtain ar chluiche sonrach ar líne). Agus ar deireadh, cinnteofar le tabhairt isteach Chárta Scimeála Sábháilte an Aontais go mbeidh malartú idirchultúrtha tairsí ísle idir leanaí san Eoraip, rud a chuireann caoinfhulaingt agus comhbhá chun cinn.

## Moladh 14: Modhnú intleachta saorga (IS): Na Meáin shóisialta a chosaint ar an bhfuathchaint

Molaimid uirlis IS a fhorbairt chun fuathchaint neamhdhleathach ar ardáin meán sóisialta a bhrath, lena gcinnteofar comhlíonadh chaighdeáin an Aontais. Feidhmeoidh an uirlis seo mar seo a leanas:

Brath agus marcáil:

- An fhuathchaint a bhrath bunaithe ar shainmhíniú an Aontais ar fhuathchaint neamhdhleathach;
- Postálacha a bhféadfadh fuathchaint a bheith i gceist leo a mharcáil agus an cruthaitheoir a chur ar an eolas;
- Modhnóir daonna athbhreithniú a dhéanamh ar phostálacha a bhfuil bratach curtha leo laistigh de 24 uair an chloig;
- Scaoileadh le postálacha a thagann faoi shaoirse cainte;
- Postálacha ina bhfuil fuathchaint neamhdhleathach a chur ar aghaidh chuig na húdaráis lena n-ionchúiseamh agus a scriosfar ina dhiaidh sin.

Brath réamhphostála:

- An fhuathchaint a bhrath sula dtéann an t-ábhar beo;
- Fógra a thabhairt do chruthaitheoirí más cosúil go bhfuil fuathchaint neamhdhleathach i gceist lena bpostálacha;
- Deis a thabhairt do chruthaitheoirí athbhreithniú a dhéanamh ar an ábhar, sin nó an t-ábhar a phostáil ar aon nós;
- Má phostáiltear é, fanfaidh bratach ar an ábhar go dtí go ndéanfaidh duine athbhreithniú air, agus rabhadh ann faoi dhlíthiúlacht agus iarmhairtí na fuathchainte a phostáil.
- Le cur i bhfeidhm éigeantach na huirlise sin ar fud na meán sóisialta san Aontas, feabhsófar sábháilteacht ar líne, cosnófar pobail imeallaithe, agus cinnteofar go gcomhlíonfar rialacháin maidir leis an bhfuathchaint, agus cothófar timpeallacht dhigiteach níos urramaí.

**Réasúnú:**

Cosaint fheabhsaithe: Leis an uirlis IS sin, soláthrófar cosaint láidir do ghrúpaí imeallaithe tríd an bhfuathchaint a bhrath agus a mhaolú sular féidir léi díobháil a dhéanamh. Trí ábhar neamhdhleathach a shainaithint agus a bhaint anuas go pras, cruthóimid timpeallacht níos sábháilte ar líne.

Éifeachtúlacht agus cruinneas: Leis an meascán de bhrath IS agus den athbhreithniú daonna, cinnteofar cruinneas ard maidir leis an bhfuathchaint a shainaithint agus an tsaoirse cainte a urramú an tráth céanna. Leis an bpróiseas athbhreithnithe 24 uair an chloig, déanfar cothromaíocht idir luas agus críochnúlacht, rud a dhéanfaidh leathadh ábhair dhíobhálaigh a íoslaghdú.

Cuntasacht: Trí fhógra a thabhairt do chruthaitheoirí ábhair faoin bhfuathchaint a d'fhéadfadh a bheith ann agus na himpleachtaí dlíthiúla, cuirfear cuntasacht agus feasacht chun cinn leis an uirlis. Cuirfear oideachas ar úsáideoirí faoi cad is fuathchaint neamhdhleathach ann, rud a spreagfaidh cumarsáid níos tuisceanaí agus níos urramaí.

Bearta coisctheacha: Le brath réamhphostála, beidh úsáideoirí in ann ábhar a d'fhéadfadh a bheith díobhálach a athbhreithniú sula dté sé beo. Cuideoidh an cur chuige réamhghníomhach sin le scaipeadh na fuathchainte a chosc, rud a laghdóidh an gá atá le gníomhaíochtaí pionósacha agus a chothóidh cultúr measa.

Comhlíontacht dhlíthiúil: Trína chinntiú go gcloíonn ardáin meán sóisialta le dlíthe fuathchainte an Aontais, cruthófar caighdeán aonfhoirmeach ar fud an spáis dhigitigh. Leis an gcomhchuibhiú sin, simpleofar forfheidhmiú agus neartófar an creat dlíthiúil in aghaidh na fuathchainte ar líne.

Athrú sóisialta dearfach: Tríd an uirlis sin a chur i bhfeidhm, cuirfear sochaí níos ionchuimsithí agus níos measúla chun cinn. Trí leitheadúlacht na fuathchainte a laghdú, spreagfaimid guthanna agus dearcthaí éagsúla, rud a fheabhsóidh an comhtháthú sóisialta agus comhthuiscint.

Ar an iomlán, is céim mhór í an uirlis IS sin i dtreo timpeallacht ar líne níos sábháilte agus níos measúla, lena ndéanfar idirghníomhaíochtaí digiteacha a ailíniú le luachanna na cuimsitheachta agus na dínite.

## Oideachas – Moltaí 15 go 17

### Moladh 15: **Cultúr díospóireachta a spreagadh i scoileanna bunaithe ar Phainéil Saoránach**

Molaimid miondíospóireachtaí a eagrú ar scoil, ar nós 'mionphainéal saoránach', le linn am scoile. Is é an bealach is éifeachtaí chun leanaí a mhealladh chuig an díospóireacht (gan 'rang saoránachta' a chruthú) an tionscnamh a shocrú i dtimpeallacht shábháilte, agus tacaíocht ón bpobal oideachais ann: ar nós maoirseoirí, cúntóirí agus múinteoirí. Mar shampla, díospóireacht a eagrú ar bhéilí sa cheaintín, agus aird á tabhairt ar nósanna reiligiúin éagsúla, sin bealach amháin chun plé a chruthú bunaithe ar ábhair praiticiúla a dhéanann difear do leanaí gach lá agus chun tairbhiú de shaineolas daoine sa scoil, ar nós foireann ceaintín agus cócairí. D'fhéadfadh daoine ó chúlraí éagsúla nach bhfuil nasctha go docht leis an earnáil oideachais (póilíní, mar shampla) a bheith páirteach sa phróiseas freisin chun a gcuid oibre a mhíniú do na leanaí. Maidir leis na hábhair a chumhdaítear leis na díospóireachtaí sin, ba cheart dúinn dul i gcomhairle go díreach le leanaí faoi na hábhair ar mian leo a dtuiscintí a dhoimhniú ina leith. Is féidir le leanaí ábhar ar bith a phlé fad a bheidh sé oiriúnaithe dá leibhéal agus iomchuí. Chun an taithí sin agus cultúr na díospóireachta a chomhroinnt ar fud an Aontais Eorpaigh, d'fhéadfadh nascadh idir scoileanna a bheith éifeachtach. Mar shampla, le linn malartuithe, d'fhéadfadh toscairí scoile a ghlac páirt i ndíospóireacht taisteal agus a dtaithí agus a dtuairimí a chomhroinnt le toscairí scoile eile ó thíortha Eorpacha. D'fhéadfadh 'torthaí' na ndíospóireachtaí sin cur le hardán na saoránach do leanaí.



**Réasúnú:**

Bíonn dearcadh níos oscailte ag daoine óga agus bíonn siad in ann glacadh le dearcthaí éagsúla, rud atá ina ghné ríthábhachtach den chomhrac in aghaidh an fhuatha. Dá bhrí sin, ní mór leanaí a chur ar an eolas faoin gcultúr saoránaigh agus faoi rannpháirtíocht saoránach ar scoil (ó 6 go 16 bliana d'aois). Ba cheart na 'painéil' sin a eagraítear ar scoil a bheith ina n-uirlis oiliúna do leanaí. D'fhéadfadh cultúr na rannpháirtíochta agus na scileanna a fhorbraítear le linn na ndíospóireachtaí sin a bheith úsáideach ar feadh a saoil. D'fhéadfadh na cláir nasctha i measc scoileanna a bheith éifeachtach toisc nach n-athraíonn sé go hiomlán cláir oideachais na mBallstát, ach cuireann sé tionscnamh coiteann chun feidhme arb é is aidhm dó smaointeoireacht chriticiúil agus tuiscint a mhéadú i measc leanaí na hEorpa.

## Moladh 16: Scileanna sóisialta agus mothúchánacha leanaí a threisiú chun fuath a chosc

Iarraimid bearta gearrthéarmacha agus meántéarmacha a úsáid chun scileanna mothúchánacha agus sóisialta leanaí a threisiú. Chun é sin a dhéanamh, molaimid feabhas a chur ar an timpeallacht foghlama i scoileanna agus gníomhaíochtaí ar nós amharclannaíochta, na n-ealaíon, cumarsáid neamhfhoréigneach, agus oideachas saoránach a thairiscint i scoileanna agus timpeall orthu chun smaointeoireacht chriticiúil, comhbhá agus scileanna mothúchánacha a mhúineadh. Sa ghearrthéarma, éilímid go mbeadh níos mó staidéir taighde níos fearr ann maidir le tionchar na ngníomhaíochtaí atá beartaithe againn chun fuath a chosc. Sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma, iarraimid go ndéanfaí tosaíocht na gclár amhail ERASMUS+, an Clár um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna, nó cláir a mhaoinítear le cistí struchtúracha an Aontais a athdhíriú chun tacú leis na gníomhaíochtaí sin chun fuath a chosc i scoileanna agus timpeall orthu. Ba cheart don Choimisiún Eorpach a bheith réamhghníomhach chun aird a tharraingt ar na tosaíochtaí sin agus iad a chur in iúl go forleathan (mar shampla, trí mholtaí a dhéanamh do na Ballstáit agus trí ghlaonna ar thionscadail) agus comhoibriú le UNESCO agus le Comhairle na hEorpa chun sioncrónú lena gcláir chomhfhreagracha. D'fhéadfadh scoileanna, múinteoirí agus páirtithe áitiúla na cistí sin a úsáid ansin chun feidhm a bhaint as na gníomhaíochtaí. Chun cuimsiú sóisialta a mhéadú, ba cheart gníomhaíochtaí a bheith saor in aisce do chách. Tar éis tréimhse thart ar 5 bliana, éilímid go ndéanfaí meastóireacht cheart air sin, chun athdhíriú agus cinneadh a dhéanamh an raibh tionchar ag na bearta. D'fhéadfadh sé sin cur le cumas an Aontais maidir le cosc fuatha i scoileanna.

**Réasúnú:**

Ní thugann an córas oideachais atá ann faoi láthair aird chuí ar shaincheist na scileanna mothúchánacha agus sóisialta. Táthar ag fulaingt an fhuatha sna scoileanna chomh maith. Níl na leanaí ullmhaithe go maith le bheith ina ndaoine fásta a bhfuil tuiscint mhaith acu ar a gcuid mothúchán. Is iad na scoileanna an áit a dtéann na leanaí uile agus ar féidir leo foghlaim conas maireachtáil le chéile. Is é an bealach is fearr chun an fuath a chosc ná atmaisféar maith foghlama a chruthú. Nuair a chuireann duine aithne air féin agus ar dhaoine eile is féidir smaointeoireacht chriticiúil agus fhéinchriticiúil níos fearr a dhéanamh agus a bheith níos caoinfhulangaí dá bharr. Is bealaí maithe iad gníomhaíochtaí ar nós amharclannaíochta, damhsa agus cumarsáid neamhfhoréigneach chun na scileanna sin a shealbhú.

## Moladh 17: Oideachas do gach glúin i ngach náisiún maidir le cumarsáid neamhfhoréigneach

Molaimid an méid seo a leanas: Sa ghearrthéarma, treoirlínte maidir le cumarsáid neamhfhoréigneach a chruthú (arna spreagadh ag doiciméid ar nós an lámhleabhar, 'From Hate Speech to Non-Violent Communication') curtha in oiriúint d'ábhair oideachais don óige agus do dhaoine fásta:

- Sa lár téarma, go n-ullmhóidh na Ballstáit cúrsaí maidir le cumarsáid neamhfhoréigneach atá comhlántach le sochair dhífhostaíochta do dhaoine fásta;
- Sa lár téarma, go n-ullmhóidh na Ballstáit ábhair oideachais d'fhostaithe;
- Sa ghearrthéarma, go gcruthóidh an tAontas físeáin faoi na 3 choincheap (CAOINFHULAINGT – CINEÁLTAS – MAITHIÚNAS) in ábhar na meán;
- Sa lár téarma, go gcuirfidh scoileanna deiseanna oideachais maidir le cumarsáid neamhfhoréigneach ar fáil do thuismitheoirí (i scoileanna mar shampla);
- Sa lár téarma agus san fhadtéarma, go nglacfaidh an tAontas oiriúnú téacsanna intuigthe (mar shampla, oiliúint agus scrúduithe): ba cheart cumarsáid neamhfhoréigneach a leabú mar réamhshocrú laistigh dár dteanga;
- San fhadtéarma, go mbeidh na Ballstáit in ann modheolaíocht na cumarsáide neamhfhoréigní a dhéanamh mar chuid de phróisis ath-lánpháirtithe na bpríosúnach.

**Réasúnú:**

Tá cumarsáid ar cheann de na bealaí is tábhachtaí chun tuiscint a fháil ar an saol, ach ní mhúintear í do dhaoine. Má mhúinimid an scil seo, beidh i bhfad níos lú coinbhleachta agus díospóidí i measc daoine. Feasacht ar mhothúcháin, ar thuiscint agus ar chomhbhá an duine féin i leith daoine eile. Bheadh i bhfad ní ba lú fuatha san Eoraip dá gcuirfí an méid sin i bhfeidhm. Táimid ag buaicphointe an fhuatha anois; ba cheart dúinn laghdú a fheiceáil ina dhiaidh sin. Is é an toradh a bhíonn ar chumarsáid níos fearr ná comhar níos fearr, rud a d'fhágfadh go mbeadh Eoraip níos aontaithe ann.

## Rannpháirtíocht na saoránach agus cuimsiú sóisialta – Moltaí18 go 21

### Moladh 18: Painéil Saoránach Eorpach a chruthú do dhaoine óga (16-25 bliana d'aois) chun fuath a chomhrac

Ba cheart do na Painéil Saoránach Eorpach do dhaoine óga próiseas roghnúcháin randamach a chur i bhfeidhm, ar nós na bpainéal saoránach Eorpach atá ann faoi láthair, toisc go mbíonn ionadaíocht ar ghrúpaí éagsúla mar thoradh air. Ba cheart go gcumhdódh na painéil ábhair a bhaineann leis na dúshláin agus na deiseanna a bhíonn roimh dhaoine óga (mar shampla, bulaíocht, caoinfhulaingt, urraim, steiréitíopaí, agus cuimsiú sóisialta). Ba cheart do na painéil sin daoine óga a úsáid mar shaineolaithe chun tuiscint a neartú ar shaincheisteanna ríthábhachtacha agus chun a dtuairimí a ardú ar leibhéal an Aontais. Mar shampla, d'fhéadfadh daoine óga a bhfuil baint acu le comhlachais frith-idirdhealaithe nó lánpháirtithe imirceach gníomhú mar 'shaineolaithe' agus mar 'acmhainní' don Phainéal Óige. Ba cheart na Painéil sin a chur chun cinn ar an ardán rannpháirtíochta saoránach (ar gá athmhachnamh a dhéanamh air, é a dhéanamh níos idirghníomhaí, níos 'faiseanta' agus é a chur chun cinn ar bhealach níos fearr).

**Réasúnú:**

Is minic nach mbíonn suim ag daoine óga sa pholaitíocht agus tá a ráta vótála ag dul i laghad. Is iad daoine scothaosta a thoghann a n-ionadaithe polaitiúla (cibé acu ar an leibhéal náisiúnta nó ar an leibhéal Eorpach). Chun iad féin a chur ar an eolas faoin díospóireacht pholaitiúil, chun a bheith ar an eolas faoina ndéanann an tAontas Eorpach, agus chun spéis a ghlacadh ann, d'fhéadfadh sé a bheith ina uirlis shuimiúil chun rannpháirtíocht níos buaine a chothú páirt a ghlacadh i bpainéal saoránach Eorpach ar nós an phainéil seo. Tá an leibhéal Eorpach ríthábhachtach toisc, i roinnt mhaith Ballstát, tá fís 'cinneann an Bhruiséil' ag daoine i leith an Aontais Eorpaigh. Meastar gurb í an Bhruiséil 'an ceannaire mór a chuireann go leor rialacha i bhfeidhm'. D'fhéadfadh sé, trí thriail a dhéanamh le painéal saoránach, go mbeadh daoine óga in ann mothú níos gaire don Eoraip agus d'Eorpaigh óga eile. Ós rud é go bhfuil daoine óga i measc phríomhíospartaigh an fhuatha, tá sé ríthábhachtach, dá bhrí sin, díriú orthu.

### Moladh 19: Seirbhísí saoránachta deonacha a fhorbairt i bpobail áitiúla do dhaoine fásta

Ní mór an t-am chun páirt a ghlacadh sna gníomhaíochtaí deonacha sin a sholáthar, mar shampla trí shaoire a íoc ón obair atá curtha in áirithe go sonrach don rannpháirtíocht saoránach. An tráth céanna, ní mór dúinn oibrithe féinfhostaithe a chur san áireamh. D'fhéadfadh tairbhí eacnamaíocha a bheith ina spreagadh mór chun rannpháirtíocht saoránach a mhéadú i measc catagóirí éagsúla (mar shampla, laghdú cánach). Ar deireadh, ba cheart an tábhacht a bhaineann le tionscnaimh áitiúla a chur chun cinn ar leibhéal an Aontais: d'fhéadfadh an tAontas na tionscnaimh áitiúla sin ar fud na hEorpa a dhreasú agus tacú leo, trí thaithí agus tacaíocht airgeadais a sholáthar. Bheadh fad na seirbhíse deonaí sin níos giorra ná Erasmus i gcás fostaithe nó daoine féinfhostaithe (seachtain amháin, mar shampla).

**Réasúnú:**

Chun an fuath a chomhrac, tá an leibhéal áitiúil an-tábhachtach, agus is tacaíocht luachmhar don chomhtháthú sóisialta iad na pobail áitiúla. Ba cheart go mbeadh rochtain ag gach aois ar obair dheonach i gcomhlachais a chuireann lánpháirtiú chun cinn, mar shampla. D'fhéadfadh an tAontas Eorpach tacú leis na tionscnaimh sin chun an fuath a chomhrac ar an leibhéal áitiúil agus deis a thabhairt d'eagraíochtaí áitiúla éagsúla taithí a mhalartú.

### Moladh 20: Cuidiú le filleadh ar bhrí na beatha

Molaimid go spreagfaidh an tAontas spásanna pobail a chruthú chun tacú le daoine imeallaithe. Féadfar an cúnamh sin a threorú i dtreonna éagsúla de réir riachtanais an duine. Molaimid go dtabharfaí an deis do dhaoine obair a fháil, mar chineál neamhspleáchais phearsanta agus cobhsaíochta agus, an tráth céanna, tacaíocht shonrach a sholáthar do na grúpaí sin a bhfuil níos mó deacrachta acu rochtain a fháil ar an margadh saothair, mar shampla, daoine faoi mhíchumas, dídeanaithe, daoine gan dídean, daoine ar baineadh mí-úsáid astu, etc. D'fhéadfadh sé gurb é a bheadh i gceist le cuidiú sonrach sna cásanna sin ullmhú le haghaidh iarratais ar phoist, agallaimh, an cumas aire a thabhairt do shláinteachas an duine agus éadaí iomchuí a fháil don obair.

D'fhéadfadh maoiniú poiblí a bheith ann don chineál seo tionscnamh faoi stiúir an phobail agus, an tráth céanna, líonraí dlúthpháirtíochta agus tionscnaimh oibre deonaí atá ann cheana sa phobal a ghiaráil, ionas gur féidir leis an infheistíocht airgeadais a bheith inbhuanaithe do bhuiséid phoiblí. Ba cheart go mbeadh gealltanas ann go gcoinneofaí coinníollacha maoinithe fadtéarmacha na lárionad ar bun.

Ba cheart dhá riachtanas a chuimsiú leis na tionscnaimh dlúthpháirtíochta agus tacaíochta sin: ar thaobh amháin, cúnamh speisialaithe a chur ar fáil do ghrúpaí sonracha a bhféadfadh riachtanais speisialta a bheith



acu agus, ar an taobh eile, cúnamh speisialaithe a sholáthar do ghrúpaí imeallaithe éagsúla gan scálaí tosaíochta ná céadroghanna a chruthú a d'fhéadfadh cur leis an bhfuath agus leis an idirdhealú.

Is féidir cúnamh sonrach láithreach a fháil sna lárionaid sin de réir cásanna pearsanta, le tacaíocht ó oibrithe deonacha agus/nó gairmithe atá oilte go cuí agus ar féidir leo daoine a threorú chuig áiteanna inar féidir leo cúnamh sonrach a fháil. Féadfar cúnamh a sholáthar ní hamháin do dhaoine ó ghrúpaí imeallaithe ach d'aon duine atá i gcúinsí pearsanta nó i gcásanna saoil a bhféadfadh tacaíocht a bheith ag teastáil ina leith.

D'fhéadfadh ceardlanna, gníomhaíochtaí, malartuithe traschultúrtha, imeachtaí agus ceiliúradh a bheith ann sna lárionaid phobail sin freisin a chuideodh le muintearas pobail a chruthú agus le bacainní idirdhealaithe a shárú. Ba cheart na spásanna sin a dhaonnú, is é sin, fáilte a chur roimh dhaoine agus iad a chur ar a suaimhneas.

Ba cheart gealltanas frithpháirteach a bheith ann idir an lárionad, a sholáthróidh cuidiú, agus an faighteoir, a chaithfidh torthaí comhaontaithe a bhaint amach laistigh de thréimhse ama áirithe. D'fhéadfadh sé go mbeadh tréimhse ama níos faide ag teastáil chun cásanna speisialta a réiteach, arna mheas ar bhonn cás ar chás ag saineolaithe.

**Réasúnú:**

Tá sé tábhachtach toisc go bhfaigheadh daoine a lán faoisimh trí dhul go dtí na lárionaid phobail sin. Beidís nua, chuirfidís dóchas ar fáil agus spreagfaidís daoine. Chuirfeadh sé feabhas ar mheabhairshláinte, chuideodh sé le daoine a bhfuil fadhbanna acu sa bhaile, d'fhéadfadh sé dídean a sholáthar do na daoine uile atá i riocht lag ar féidir leis an réiteach seo cuidiú leo, ligean do dhaoine a gceart bunúsach chun saol díniteach a bheith acu agus cuidiú le daoine brí a fháil sa saol. Tá sé tábhachtach toisc gur féidir le daoine tionchar a imirt ar a chéile, caidrimh a thógáil, agus fadhbanna a chéile a thuiscint. Ní bhraithfeadh daoine go bhfuil siad aithisithe ná lipéadaithe. Ní mór dúinn a bheith inár ndaoine arís (ní hamháin dlús a chur leis an teicneolaíocht chun dochair don daonnú). Tá deiseanna ag teastáil ó dhaoine, agus d'fhéadfadh an moladh sin deiseanna fostaíochta a chruthú.

D'fhéadfadh an moladh sochaí níos ionchuimsithí, níos córa, níos cothromaíche, níos fiúntaí agus níos comhbháiche a chothú, ina mbeidh gach duine in ann a bheith páirteach go cothrom sa tsochaí, agus nach ndéanfaimid normalú ar shaincheisteanna ar nós na bochtaineachta agus easpa dídine toisc go gcruthaíonn siad fuath.

D'fhéadfadh an moladh sin cuidiú leis an tsochaí ar leibhéal an phobail. I dtéarmaí tionchair de, ní mór dúinn freagairtí domhanda a sholáthar ar shaincheisteanna domhanda. Bheadh tionchar le feiceáil ar an mionscála sula ndéanfaí é a fhorbairt.

Tá rioscaí ann mura bhfuil oibrithe sóisialta ullmhaithe chun an obair a dhéanamh agus mura bhfuil an smaoineamh deartha go maith. Rioscaí eile a d'fhéadfadh a bheith ann ná rioscaí airgeadais, rioscaí teanga nó rioscaí a bhaineann le lánpháirtiú.

## Moladh 21:
## Na daoine a chuardach: Neamh-chomhionannas sóisialta a chomhrac chun fuath a chomhrac san Aontas

Tá an neamh-chomhionannas sóisialta, mar a leagtar amach i sainmhíniú na faidhbe, ar cheann de phríomhchúiseanna an fhuatha inár sochaí. D'ainneoin a thábhachtaí atá sé, níor thug institiúidí an Aontais ná na Ballstáit aghaidh go leordhóthanach ar an bhfadhb sin, rud a leagann béim ar an ngá atá le taighde cuimsitheach atá maoinithe ag an Aontas chun na naisc idir neamh-chomhionannas sóisialta agus an fuath a shainaithint agus chun iad a chomhrac.

Tá sé fíor-riachtanach tuiscint a fháil ar na naisc sin chun beartais agus idirghabhálacha éifeachtacha a fhorbairt. Gan fianaise eimpíreach láidir, bunaithe ar shonraí cáilíochtúla agus cainníochtúla, d'fhéadfadh sé go ndéanfaí iarrachtaí chun aghaidh a thabhairt ar neamh-chomhionannas sóisialta a chur amú nó a bheith neamhéifeachtach. Trí pháirt a thabhairt d'eagraíochtaí sóisialta i mbailiú sonraí, cinntítear go léirítear leis na sonraí an saol mar atá do na daoine sin is mó a ndéanann neamh-chomhionannas difear dóibh, lena soláthraítear bonn níos cruinne agus níos ábhartha le haghaidh taighde le cur chuige ón mbun aníos. Trí na torthaí sin a fhoilsiú ar bhonn leanúnach, cuirfear bonn eolais faoi na hiarrachtaí leanúnacha atá á ndéanamh agus déanfar iad a bheachtú. Féadfar torthaí na staidéar a chur san áireamh i bhfeachtais ardaithe feasachta.

**Réasúnú:**

Trí threoirlínte agus feachtais a fhorbairt bunaithe ar thaighde críochnúil, is féidir gníomhaíochtaí spriocdhírithe a dhéanamh lena dtugtar aghaidh ar na bealaí sonracha ina gcothaítear fuath leis an neamh-chomhionannas sóisialta. Leis an gcur chuige straitéiseach sin, is féidir an teannas sóisialta a laghdú go mór agus an comhtháthú sóisialta a chur chun cinn, mar aon le hathrú córasach a chumasú.

Trí shonraí a bhailiú maidir le tionchar na mbeart dearfach agus trí thorthaí a fhoilsiú go leanúnach, cothaítear trédhearcacht agus cuntasacht. Ní hamháin go gcuirtear eolas ar fáil do lucht ceaptha beartas agus do pháirtithe leasmhara leis an bpróiseas sin, ach cothaítear muinín an phobail freisin agus spreagtar iarrachtaí comhoibríocha chun aghaidh a thabhairt ar an neamh-chomhionannas sóisialta.

Trí chaighdeáin a bhunú le haghaidh sonraí fíoraithe iontaofa agus modheolaíocht chomhchuibhithe, agus guthanna pearsanta mar aon le sonraí cainníochtúla agus cáilíochtúla araon san áireamh, cinntítear iontaofacht agus cuimsitheacht an taighde.

Tá sé ríthábhachtach aghaidh a thabhairt ar an neamh-chomhionannas sóisialta trí thaighde cuimsitheach agus trí bhailiú sonraí chun an fuath a mhaolú agus chun sochaí níos comhtháite a chothú laistigh den Aontas. Leis an gcur chuige sin, soláthraítear na léargais agus na huirlisí is gá chun beartais agus idirghabhálacha éifeachtacha a fhorbairt, rud a chuirfidh, ar deireadh, le tírdhreach sóisialta níos cothroime agus níos síochánta.

### 4.2.1 Measúnú ar na moltaí

An lá deireanach den phainéal, iarradh ar na saoránaigh rannpháirteacha a measúnú ar gach ceann den 21 mholadh a thabhairt. Seo forbhreathnú ar thorthaí na vótála seo, agus moltaí curtha in eagar de réir a leibhéil tacaíochta.

| RANGÚ | Uimh. an mholta | Teideal an mholta | Leibhéal tacaíochta (meán-nóta ó 1 go 6) | Ráta formheasta (sciar de na vótaí) |
|---|---|---|---|---|
| 1 | 4 | Oiliúint caoinfhulaingthe | 5.23 | 97.7 % |
| 2 | 15 | Cultúr Díospóireachta a Spreagadh i Scoileanna Bunaithe ar Phainéil Saoránach | 5.20 | 89.9 % |
| 3 | 1 | Eoraip amháin, sainmhíniú amháin: An fhuathchaint a choiriúlú | 5.09 | 91.2 % |
| 4 | 2 | Prótacal freagartha éifeachtaí Eorpach maidir le fógraí fuathchoireachta | 5.04 | 90.6 % |
| 5 | 18 | Painéil Saoránach Eorpach a chruthú do dhaoine óga (16-25 bliana d'aois) chun fuath a chomhrac | 5.01 | 89.2 % |
| 6 | 16 | Scileanna Sóisialta agus Mothúchánacha Leanaí a Threisiú chun Fuath a Chosc | 5.00 | 90.2 % |
| 7 | 3 | Oifig náisiúnta um fhuath a chomhrac sna Ballstáit | 5.00 | 87.1 % |
| 8 | 5 | Feasacht a mhéadú faoin bhfuath agus faoi bhearta agus réitigh atá ann cheana chun cur ina choinne trí fheachtas poiblí | 4.88 | 89.5 % |
| 9 | 17 | Oideachas do gach glúin i ngach náisiún maidir le cumarsáid neamhfhoréigneach | 4.85 | 88.0 % |
| 10 | 9 | Iontaofacht, fíorais agus trédhearcacht: Maoiniú Eolais a Fhíorú agus a Shoiléiriú | 4.83 | 80.0 % |
| 11 | 19 | Seirbhísí saoránachta deonacha a fhorbairt i bpobail áitiúla do dhaoine fásta | 4.77 | 85.5 % |
| 12 | 11 | An Bhoilgeog a Phléascadh: Dearcthaí éagsúla a chur chun cinn ar na meáin shóisialta | 4.74 | 82.4 % |
| 13 | 20 | Cuidiú le Filleadh ar Bhrí na Beatha | 4.72 | 85.6 % |
| 14 | 6 | Fóirithint fógraí in aghaidh an fhuatha | 4.68 | 81.8 % |
| 15 | 14 | Modhnú intleachta saorga (IS): Na Meáin shóisialta a chosaint ar an bhfuathchaint | 4.66 | 79.6 % |
| 16 | 21 | Na Daoine a Chuardach: Neamh-chomhionannas sóisialta a chomhrac chun fuath a chomhrac san Aontas | 4.59 | 81.0 % |
| 17 | 8 | Coiste Iontaobhais Neamhspleách a bhunú | 4.57 | 80.4 % |
| 18 | 13 | Cárta Scimeála Sábháilte an Aontais | 4.50 | 76.2 % |
| 19 | 12 | Aghaidh a thabhairt ar Anaithnideacht Ar Líne chun an Fuath a Chomhrac | 4.48 | 74.5 % |
| 20 | 7 | Ardán uile-Aontais a chruthú ina dtugtar le chéile eolas, acmhainní, bearta agus córais tacaíochta maidir le fuath | 4.45 | 78.2 % |
| 21 | 10 | Casann an Eoraip ort: Meáin rannpháirteacha do na saoránaigh | 4.18 | 68.3 % |

### 4.2.2 Forbhreathnú ar na seisiúin

Tá an clár oibre agus achoimre ar gach seisiún le fáil anseo.

### 4.2.3 Cuibhreannas conraitheoirí

D'oibrigh na conraitheoirí le chéile chun an ghlúin nua seo de Phainéil Saoránach Eorpach a dhearadh agus a chur chun feidhme.

- Harris Interactive and Sortition Foundation: Saoránaigh a earcú.
- VO Europe: Cumarsáid, cúnamh agus gach gné eagrúcháin de na trí sheisiún.
- Foireann cumarsáide - Been There Done That, WaterBear and Scope: Straitéis chumarsáide, agus ábhar éagsúil a chruthú, a aistriú agus a scaipeadh ar na meáin shóisialta agus clár faisnéise a léiriú.

### 4.2.4 Foireann díospóireachta (Ifok agus Missions Publiques)

Thug comhpháirtithe na foirne díospóireachta a saineolas le chéile chun cuidiú leis an bpróiseas rannpháirtíochta foriomlán agus an mhodheolaíocht le haghaidh gach seisiúin a choincheapú, in éineacht le AS COMM. Is í an fhoireann seo a rinne an phríomh-mhodhnóireacht freisin agus éascú ar an obair ghrúpa chomh maith le maoirseacht ar thuairisciú na dtorthaí.



# TEAGMHÁIL A DHÉANAMH LE hINSTITIÚIDÍ AN AONTAIS EORPAIGH

### Dul ann tú féin

Tá na céadta Ionad "Europe Direct" ann ar fud an Aontais Eorpaigh. Is féidir leat seoladh an ionaid is gaire duit a fháil ar líne (european-union.europa.eu/contact-eu/meet-us_ga).

### Ar an bhfón nó i scríbhinn

Seirbhís is ea Europe Direct a thabharfaidh freagra duit ar cheisteanna faoin Aontas Eorpach. Is féidir leat dul i dteagmháil leis an tseirbhís sin:

- ag uimhir shaorghlao: 00 800 6 7 8 9 10 11 (d'fhéadfadh oibreoirí áirithe táille a ghearradh as na glaonna sin),
- ag an ngnáthuimhir seo a leanas: +32 22999696,
- tríd an bhfoirm seo a leanas: european-union.europa.eu/contact-eu/write-us_ga.

# EOLAS A FHÁIL FAOIN AONTAS EORPACH

### Ar líne

Tá eolas faoin Aontas Eorpach ar fáil i ngach ceann de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh ar an suíomh gréasáin Europa (european-union.europa.eu).

### Foilseacháin de chuid an Aontais Eorpaigh

Is féidir leat breathnú ar fhoilseacháin de chuid an Aontais Eorpaigh nó is féidir leat iad a ordú ag op.europa.eu/ga/publications. Más mian leat a lán cóipeanna d'fhoilseacháin saor in aisce a fháil, is féidir dul i dteagmháil le Europe Direct nó le d'ionad doiciméadúcháin áitiúil chun é sin a dhéanamh (european-union.europa.eu/contact-eu/meet-us_ga).

### Dlí an Aontais Eorpaigh agus doiciméid ghaolmhara

Chun teacht ar fhaisnéis dhlíthiúil ón Aontas Eorpach, dlí an Aontais Eorpaigh ón mbliain 1951 ar aghaidh sna teangacha oifigiúla san áireamh, téigh chuig EUR-Lex (eur-lex.europa.eu).

### Sonraí oscailte an Aontais Eorpaigh

Ar an tairseach data.europa.eu, cuirtear rochtain ar fáil ar thacair sonraí oscailte ó institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh. Is féidir iad a íoslódáil agus a athúsáid saor in aisce chun críoch tráchtála nó neamhthráchtála. Cuirtear rochtain ar fáil freisin ar neart tacair sonraí ó thíortha na hEorpa.

Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh